Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Comhairliúchán ar athdhearadh Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh (EEOS) na hÉireann

Márta 2021

Clár

Clár..... i

1 Eolas maidir leis an gComhairliúchán seo 1

1.1 Cuspóir an pháipéir seo 1

1.2 Conas Freagra a Thabhairt 4

1.3 Na Chéad Chéimeanna Eile 5

1.3.1 An comhairliúchán seo 5

1.3.2 Tuilleadh comhairliúcháin 5

2 Cúlra 6

2.1 An Treoir Leasaithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Airteagal 7 6

2.2 An Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh 7

3 Páirtithe faoi Oibleagáid 10

3.1 Páirtithe incháilithe 10

3.2 Páirtithe faoi oibleagáid a ainmniú 11

3.3 Cumhdach margaidh 11

3.4 Margaí fuinnimh na hÉireann 12

3.5 An tairseach oibleagáide 14

3.5.1 Meadrach an tairsigh 15

3.5.2 Leibhéal an tairsigh 15

3.5.3 Struchtúr an tairsigh 16

3.6 Riachtanais faisnéise agus an próiseas socrúcháin spriocanna 17

4 Sprioc EEOS 2021-30 19

4.1 Oibleagáid Airteagal 7 19

4.2 Bearta Malartacha 20

4.3 Sprioc EEOS 21

4.4 Iompar a aithint sa Sprioc EEOS 23

5 Fospriocanna Seachadta EEOS 26

5.1 Imfhálú 26
5.2 Fospriocanna seachadta 26
5.2.1 Earnálacha neamhchónaithe 26
5.2.2 Earnáil chónaithe 27
5.2.3 Earnáil an iompair 28
5.3 Méid na bhfospriocanna seachadta 29
5.3.1 Fosprioc Seachadta Cónaithe 30
5.3.2 Fosprioc Seachadta Bochtanais Fuinnimh 31
5.4 Dáileadh na bhfospriocanna seachadta 32
6 Riachtanais Seachadta 35
6.1 Seachadadh cónaitheach 35
6.2 Seachadadh bochtanais fuinnimh 38
6.3 Seachadadh d'fhuílleach na sprice 40
7 Nádúr na Spriocanna agus an Chomhlíonta 42
7.1 Nádúr na spriocanna 42
7.2 Comhlíonadh 45
7.2.1 Meicníochtaí solúbthachta comhlíonta 45
7.2.2 Neamhchomhlíonadh agus pionóis 50
8 Deiseanna Scéime Nua agus Eolas Costais 53
8.1 Réimsí feabhsúcháin agus athbhreithnithe tréimhsiúla 53
8.2 Eolas costais pháirtithe faoi oibleagáid 53
9 Eolas ar Bhillí 55
10 Aguisíní 56
Aguisín 1: Ceisteanna Comhairliúcháin 56
Aguisín 2: Sampla oibrithe maidir le Sprioc EEOS agus Spriocanna Díolacháin 60
Aguisín 3: Samplaí Oibrithe maidir le Sprioc EEOS, Spriocanna Díolacháin, Fospriocanna Seachadta 62

1 Eolas maidir leis an gComhairliúchán seo

1.1 Cuspóir an pháipéir seo

Faoi Airteagal 7 den Treoir um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2012/27, mar a leasaíodh ag Treoir 2018/2002 (EED)[1][2], tá ceanglas ar Éirinn méid sainithe de choigealtas fuinnimh a dhéanamh a shásaíonn critéir shainiúla, faoi 2030. Tá codán den choigealtas seo, atá de dhíth sa tréimhse 2021-2030, le sásamh tríd an Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh (EEOS), a chuireann oibleagáid ar sholáthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh.

Is é is cuspóir leis an bpáipéar seo tuairimí a lorg ar páirtithe leasmhara maidir le tograí a bhaineann leis an dearadh ar EEOS nua, le cur i bhfeidhm 1 Eanáir 2022[3]. Tá an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) tiomanta do chaidreamh le páirtithe leasmhara ar bhealach soiléir, oscailte agus trédhearcach.

Le d'ionchur, tá súil ag DECC EEOS a dhearadh nach amháin a bhainfidh codán de sprioc Airteagal 7 amach, atá ríthábhachtach, ach freisin a thacóidh le huaillmhian agus spriocanna níos leithne na hÉireann i dtaca le fuinneamh agus aeráid a sheachadadh. Trí EEOS a chur i bhfeidhm don tréimhse oibleagáide 2021-30, tá sé ar intinn ag an Rialtas scéim a dhearadh a neartóidh na naisc idir ár reachtaíocht náisiúnta reachtaíocht agus an EED. Trí ailíniú níos dlúithe a dhéanamh idir na tiomantais i gClár an Rialtais, meastar gur fearr a thacóidh an EEOS athdheartha le spriocanna agus uaillmhianta na hÉireann i gcoitinne i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach, mar atá mionsonraithe sa Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, sa Straitéis Athchóirithe Fadtéarmaigh agus sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP). Is colún tábhachtach den CAP í beartas éifeachtúlachta fuinnimh CAP, agus ní mór do fhreagra beartais na hÉireann ar Airteagal 7, lena n-áirítear an EEOS, ailíniú le cuspóirí agus gníomhartha CAP agus tacú leo. Le hailíniú beartais níos mó, bíonn tairbhe ann freisin do pháirtithe faoi oibleagáid, toisc go gcuirfidh EEOS atá ceaptha le bheith chomh sineirgeach agus is féidir le beartaithe náisiúnta eile níos mó tacaí, dreasachtaí agus deiseanna ar fáil do pháirtithe faoi oibleagáid le giaráil a dheanamh agus a spriocanna á seachadadh acu .

[1] Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoracha 2009/125/CE agus 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2004/8/CE agus 2006/32/CE Téacs atá ábhartha don LEE (europa.eu)
[2] Treoir (AE) 2018/ 2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 – lena leasaítear Treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (europa.eu)
[3] Beidh scéim eatramhach i bhfeidhm le linn 2021, an chéad bhliain den tréimhse oibleagáide nua, a fhad is bheidh an scéim nua á dhearadh agus á fhorbairt.

Iarrann DECC ar fhreagróirí machnamh a dhéanamh ar ár dtograí agus sraith de cheisteanna i dtaca leis an réimsí seo a leanas ar dhearadh na scéime:

- Páirtithe faoi oibleagáid
- An Sprioc EEOS
- Fospriocanna seachadta
- Riachtanais seachadta
- Nádúr na sprice agus comhlíonta
- Feabhsúcháin scéime agus eolas faoi chostais
- Eolas faoi bhillí

Tá na tograí á áirítear sa pháipéar bunaithe ar:

- Anailís ar na hathruithe ar riachtanais ábhartha san EED leasaithe
- Taithí ar a raibh rath air sa tréimhse 2014-2020 in Éirinn
- Eolas faoin a raibh rath air sa tréimhse 2014-2020 i mBallstáit eile
- Ceardlanna le páirtithe faoi oibleagáid reatha chun tuairimí tosaigh a bhailiú
- Anailís neamhspleách ar an gcaoi ina bhféadfadh EEOS cuidiú le sprioc na hÉireann faoi Airteagal 7
- Anailís neamhspleách ar thionchar agus ar chostais is tairbhe na roghanna deartha do EEOS

Doiciméad tacaíochta leis an doiciméad comhairliúcháin seo

Rinneadh an anailís neamhspleách a luaitear thuas ag Economic Consulting Associates Ltd (ECA), comhairleoireacht speisialtóireachta eacnamaíochta a bhfuil taithí shuntasach acu san anailís ar eacnamaíocht, beartais agus rialachas. Fostaíodh ECA thar ceann DECC chun tacú leis an bhforbairt ar bheartas do chomhlíonadh le hAirteagal 7 agus na tograí deartha atá san áireamh leis an doiciméad seo. In éineacht leis an doiciméad comhairliúcháin seo, tá an doiciméad tacaíochta seo a chruthaigh ECA foilsithe:

- **Anailís eacnamaíochta agus beartais mar thaca le EEOS leasaithe d'Éirinn 2021-2030** (ar a dtugtar **'Tuarascáil ECA'** ar fud an doiciméid seo): Sa tuarascáil seo féachtar ar an gcaoi inar féidir le hÉirinn a riachtanais faoi Airteagal 7 leasaithe a shásamh, na bearta beartais a d'fhéadfaí a úsáid chun coigealtas incháilithe imleor a bhaint amach, agus roghanna sonracha deartha scéime do EEOS nua, lena n-áirítear anailís mhionsonraithe ar na costais mheasta do pháirtithe faoi oibleagáid faoi na roghanna éagsúla. In **Iarscríbhinn A3** den tuairisc freisin áirítear **Osradharc ar chostais agus tairbhí roghanna deartha EEOS.** Féachtar san osradharc seo ar an tionchar níos

leithne atá ag na roghanna deartha don tsochaí agus tá anailís ar chostais is tairbhe ann do na roghanna sin.

Ba chóir an tuarascáil seo a léamh i gcomhar leis an doiciméad comhairliúcháin seo agus déantar tagairt do ranna ábhartha ar fud an doiciméid.

Na huimhreacha go léir a thugtar i dTuarascáil ECA a bhaineann le dearadh beartais, baintear úsáid astu do chúiseanna léirithe le measta chán a dhéanamh ar na himpleachtaí a bhaineann le roghanna éagsúla de dhearadh beartais. Mura luaitear a mhalairt, ní léiriú iad ar chinntí beartais comhaontaithe nó ar mholtaí ECA. Chomh maith leis sin d'éiligh an anailís ionchur ó raon leathan de thacair sonraí a bhí ann cheana, in éineacht le tuairimí agus neasúcháin a tógadh ó shaintaithí fhorleathan ECA i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh. Mar thoradh ar shrianta sna sonraí atá ar fáil, chomh maith le fairsinge na bunanailíse a d'fhéadfaí a dhéanamh, bíonn éiginnteacht sna torthaí a chuirtear i láthair. Pléitear príomhréimsí éiginnteachta más cuí i rith na Tuarascála ECA, ag nótáil go meastar i gcoitinne gur mó éiginnteacht dá leithéid nuair atáthar ag tagairt do luachanna absalóideach seachas na torthaí coibhneasta idir chásanna.

1.2 Conas Freagra a Thabhairt

Mairfidh próiseas an chomhairliúcháin phoiblí go dtí **Dé Luain 19 Aibreán 2021**. Ní mór freagraí a bheith faighte ina n-iomláine ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) tráth nach déanaí ná 5pm ar an dáta sin.

Freagairt ar cheisteanna

Aon duine atá ag iarraidh aighneacht a dhéanamh, ba chóir dóibh an suirbhé ar líne a dhéanamh. Más rud é nach féidir leat rochtain a fháil ar an suirbhé ar chúis ar bith, déan teagmháil leis an bhforeann le r-phost ag energy.efficiency@decc.gov.ie

Ba chóir do fhreagróirí machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna atá san áireamh sa suirbhé nuair atá freagra á chur isteach acu, ach ní gá freagraí a thabhairt ar na ceisteanna go léir. Iarrtar ar na freagróirí:

- An treoir suirbhé a thugtar a leanúint
- Más ábhartha, aon eolas, fianaise agus/nó anailís ábhartha a chur le do fhreagra

Tá liosta iomlán na gceisteanna comhairliúcháin atá sa doiciméad seo san áireamh in Aguisín 1.

Rúndacht agus cosaint sonraí

Trí fhreagra a thabhairt ar an gcomhairliúchán, toilíonn freagróirí lena n-ainm a bheith foilsithe ar líne in éineacht leis an aighneacht. Déanfaidh DECC sonraí pearsanta a fholú roimh fhoilsithe. Ba mhaith leis an Roinn d'aird a dhíriú ar ráiteas príobháideachais DECC:

Éilíonn an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar fhreagróirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar d'fhonn seirbhísí a chur ar fáil agus feidhmeanna na Roinne a chur i gcrích. Féadfar do sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile i gcúinsí áirithe, nuair a cheadaíonn an dlí. Féadfar sonraí iomlána a fháil ar ár bhFógra Príobháideachais Sonraí atá ar fáil anseo nó i gcóip chrua ach é a iarraidh.

Tá freagraí ar an gcomhairliúchán seo faoi réir ag forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise (FOI) 2014 agus na Rialacháin um Rochtain ar Eolas ar an gComhshaol 2007-2014. Ba chóir eolas atá rúnda nó a bhfuil íogaire tráchtála leis a aithint go soiléir i d'aighneacht. Mar sin féin, ba chóir do pháirtithe a nótáil freisin go bhfuil aon fhreagra ar an gcomhairliúchán nó iad go léir faoi réir ag forálacha na nAchtanna FOI agus gur dócha go bhfoilseofar iad ar shuíomh gréasáin DECC.

1.3 Na Chéad Chéimeanna Eile

1.3.1 An comhairliúchán seo

Le linn na tréimhse comhairliúcháin sé seachtaine, tá sé ar intinn ag DECC ócáid comhairliúcháin ar líne a eagrú ina míneofar na tograí atá san áireamh sa doiciméad seo. Tabharfaidh an ócáid seo deis do fhreagróirí féideartha soiléirithe a lorg ar aon cheann de na moltaí atá á dheanamh agus réimsí beartais áirithe a phlé a thuilleadh. Foilseofar sonraí maidir le clárú do na hócáidí seo ar shuíomh gréasáin DECC.

I ndiaidh an chomhairliúcháin seo, déanfaidh DECC machnamh ar na freagraí ar fad atá faighte agus cuirfidh siad moladh faoi bhráid an Aire. Ansin cinnfidh an tAire ar an gcur chuige do dhearadh na scéime, a fhoilseofar ar shuíomh gréasáin DECC. Cuirfear an scéim nua i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2022.

1.3.2 Tuilleadh comhairliúcháin

I bhfianaise nádúr teicniúil agus an-sonraitheach cuid de na riachtanais EED, go háirithe i dtaca le hIarscríbhinn V[4], tionólfar sraith de cheardlanna dhírithe comhairliúcháin, a dtabharfar cuireadh do pháirtithe faoi oibleagáid, agus aon pháirtithe leasmhara cláraithe, páirt a ghlacadh iontu. Samhlaítear go mbeidh na seisiúin comhairliúcháin seo ann le linn Ráithe 2 de 2021 (nuair a bheidh cinntí beartais maidir leis na míreanna atá san áireamh sa doiciméad comhairliúcháin seo curtha i gcrích agus curtha in iúl). I bhfianaise ábharthacht na riachtanas seo do chur chun feidhme na scéime, beidh na seisiúin seo á óstáil ag an riarthóir EEOS, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Beidh DECC ag freastal ar na ceardlanna teicniúla sin go léir freisin.

Tá sé ar intinn ag DECC agus SEAI freisin ceardlanna leis an gcineál chéanna fócais a eagrú le páirtithe ábhartha mar ghníomh leantach ar chur i bhfeidhm na riachtanas seachadta ardleibhéil atá á moladh i Roinn 6, agus míreanna sonracha atá níos oiriúnaí don chineál seo de chomhairliúchán. Beidh an rannpháirtíocht sin ar bun i Ráithe 2 2021 freisin.

Bainfear úsáid as na torthaí ó na ceardlanna mar bhonn leis an gcur chuige i dtaca le riar na scéime ó Eanáir 2022.

[4] in Iarscríbhinn V leis an EED leagtar amach na modhanna agus prionsabail ríofa coigealtais fuinnimh atá le húsáid faoi Airteagal 7

2 Cúlra

2.1 An Treoir Leasaithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Airteagal 7

I bPacáiste Fuinnimh Ghlan an Choimisiúin Eorpaigh, a seoladh i mí na Samhna 2016, leagtar amach fís an Choimisiúin d'éifeachtúlacht fuinnimh, agus deirtear gur chóir go mbeadh éifeachtúlacht fuinnimh mar "chéad phrionsabal" d'aon bheartas fuinnimh amach anseo. Deis is ea é seo chun treise a chur le héifeachtúlachtaí ar fud na n-earnálacha go léir. Ceann de na croípháirteanna den Phacáiste Fuinnimh Ghlan is ea an Treoir um Éifeachtúlacht Fuinnimh (EED) leasaithe, a foilsíodh in 2018.

Leis an Treoir leasaithe tugann an AE tiomantas do phríomhsprioc éifeachtúlachta fuinnimh 32.5% faoi 2030, rud a chiallaíonn úsáid fuinnimh faoi 32.5% ar a laghad i gcomparáid le measatacháin ar an úsáid fuinnimh mheasta in 2030[5]. Leis an EED leagtar ceanglas ar gach Ballstát a sciar den laghdú seo a shonrú, agus na bearta atá le déanamh chun an sciar sin a bhaint amach, i bPlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (NECP). Sa samhaltú is déanaí atá chun bonn a chur le NECP na hÉireann, beidh an sciar cion sin cothrom le feabhsúchán 38.9% d'Éirinn[6]. Tá athbhreithniú eile ar an EED ar bun anois ag teacht leis an uaillmhian aeráide mhéadaithe a leagtar amach i mBeart Glas na hEorpa[7]. Mar sin féin, ní léir fós cé acu an leathnófar an t-athbhreithniú seo go dtí Airteagal 7 agus na hairteagail eile a leasaíodh in 2018.

Mar a luadh thuas, faoi Airteagal 7 den EED, tá iallach ar Éirinn méid sainithe de choigealtas fuinnimh a dhéanamh a shásaíonn critéir shonracha, faoi 2030. Don tréimhse oibleagáide atá romhainn (2021-30), cuireann Airteagal 7 de cheangal ar Bhallstáit coigealtas fuinnimh bliantúil nua a dhéanamh atá cothrom le 0.8% dá n-úsáid fuinnimh deiridh iomlán gach bliain chun sprioc charnach a bhaint amach faoi 2030.

Cé nach bhfuil an phríomhsprioc éifeachtúlachta fuinnimh AE ina cheangal de réir dlí do Bhallstáit[8], tá an sprioc d'Airteagal 7 den EED[9] leasaithe ina cheangal agus mar sin, agus rud tábhachtach é seo, gealltar leis go mbeidh leibhéal íosta de choigealtas fuinnimh ann i

[5] Féadfaidh an phríomhsprioc éifeachtúlachta fuinnimh seo ardú chun spriocanna aeráide níos uaillmhianaí a thabharfar isteach a chur san áireamh.
[6] Tábla 11, lch.46 sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030
[7] Treoir um Éifeachtúlacht Fuinnimh | Fuinneamh (europa.eu)
[8] Airteagal 3 den EED
[9] Airteagal 7, alt 1 den EED

dtreo na príomhsprice EED, is dócha níos mó ná leath den choigealtas iomlán atá de dhíth[10]. Ní mór do choigealtas chun sprioc Airteagal 7 Bhallstáit a shásamh a bheith mar thoradh ar bhearta beartais náisiúnta, a sháraíonn bearta ordaithe ag an AE agus atá de bhreis ar cad a tharlódh murach na beartais sin[11]. Agus iad ag comhlíonadh leis an Treoir, ní mór do Bhallstáit cinneadh cén bearta beartais a mbainfidh siad úsáid astu agus cé acu an roghnóidh siad:

- scéim oibleagáide ar sholáthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh;
- bearta beartais malartacha; nó
- meascán de dá rud.

I ndiaidh comhairliúcháin phoiblí ag deireadh 2019, chinn an tAire go mbainfeadh Éire úsáid as meascán de scéim oibleagáide agus bearta malartacha chun ár sprioc Airteagal 7 a bhaint amach, cosúil leis an tréimhse oibleagáide roimhe. Bhí sé seo ar cheann de thrí chinneadh ardleibhéil a rinne an tAire i ndiaidh na chéad chéime de chomhairliúchán inár dtrasuí ar Airteagal 7[12]. Cinneadh freisin i ndiaidh an chomhairliúcháin seo go ndéanfadh Éire na nithe seo a leanas:

- modheolaíocht ríofa dírigh an Choimisiúin a leanúint chun sprioc Airteagal 7 a ríomh; agus
- an méadrach a shocrú don scéim oibleagáide le húsáid i bhfuinneamh deiridh.

Ag leanúint le hAirteagal 7 den EED a chur i bhfeidhm, ní mór do DECC anois dearadh agus forbairt a dhéanamh ar an Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh a úsáidfidh Éire don tréimhse oibleagáide suas le 2030.

2.2 An Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh

Is éard is scéim oibleagáide ann riachtanas reachtúla ar sholáthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh chun cuidiú le húsáideoirí fuinnimh fuinneamh a shábháil. Is féidir é seo a bhaint amach trí thacú leis an úsáideoir fuinnimh (le airgead nó ar bhealach eile) chun cleachtais sábhála fuinnimh a chur i bhfeidhm nó chun uasghráduithe fuinnimh a dhéanamh ar a réadmhaoin. Chinn Éire ar úsáid a bhaint as Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh (EEOS) don tréimhse oibleagáide roimhe (2014-20), chun ár sprioc Airteagal 7 a bhaint

[10] Cuid 1, leathanach 18, Measúnú tionchair ag gabháil leis an doiciméad togra do threoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear treoir 2012/27/AE maidir le héifeachtúlacht fuinnimh

[11] Is é sin, mar a bheadh forbairt ar an staid murach idirghabháil an Rialtais.

[12] Tá na doiciméid agus tuarascálacha go léir a bhaineann leis an gcomhairliúchán seo ar fáil ar gov.ie

amach. Bhí tionchar ag rath na scéime sin, i bpáirt, ar an gcinneadh le scéim oibleagáide a úsáid arís don tréimhse oibleagáide seo atá romhainn. Chuidigh sé freisin le treoir a thabhairt do neart de na moltaí atá san áireamh sa doiciméad seo, ag cur san áireamh na ceachtanna a foghlaimíodh.

Tréimhse oibleagáide 2014-20

Don tréimhse oibleagáide roimhe, chinn Éire ar Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh agus bearta beartais malartacha eile a mheascadh chun Airteagal 7 den EED 2012 a chur i bhfeidhm. Rinneadh an scéim oibleagáide a trasuí go reachtaíocht na hÉireann le I.R. 131 de 2014, a leasaíodh in 2016 le S.I. 634. Leis na Rialacháin seo tugadh an t-údarás don Aire scéim oibleagáide a chruthú agus fógraí éifeachtúlachta fuinnimh a eisiúint le soláthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh áirithe, ar a dtugtar páirtithe faoi oibleagáid. Bhí iallach ar pháirtithe faoi oibleagáid coigealtas fuinnimh a bhaint amach trí thacú le húsáideoirí fuinnimh sna hearnálacha cónaithe, tráchtála nó poiblí. Agus é sin á dhéanamh acu. d'fhéadfadh páirtithe faoi oibleagáid an coigealtas a raibh iallach orthu a dhéanamh a sheachadadh trína gcláir féin agus/nó trí oibriú leis na scéimeanna tacaíochta um éifeachtúlacht fuinnimh a bhí ann cheana, maoinithe ag an Rialtas, á dtairiscint trí SEAI. Go dtí seo, bhí rath ar EEOS 2014-20 le coigealtas deiridh fuinnimh os cionn 3,450 GWh[13], ag tacú le gníomhartha éifeachtúlachta fuinnimh i mbreis agus 290,000 áitreabh agus 3,000 gnólacht. Tá tuilleadh eolais ar EEOS 2014-20 sa Cháipéis Treorach EEOS.

Tréimhse oibleagáide 2021-30

Agus EEOS á chur i bhfeidhm aige don tréimhse oibleagáide 2021-30, tá sé ar intinn ag an Rialtas scéim a dhearadh a bhainfidh amach sciar den sprioc Airteagal 7 agus a neartóidh freisin na naisc idir ár reachtaíocht náisiúnta agus an EED. Trí ailíniú níos dlúithe leis na tiomantais i gClár an Rialtais, samhlaítear go dtacóidh an EEOS athdheartha níos fearr le spriocanna agus uaillmhianta na hÉireann i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh ar an iomlán a bhaint amach, mar atá luaite sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide, sa Straitéis Athchóirithe Fadtéarmaigh agus sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Tosóidh an EEOS athdheartha ag tús 2022. Idir an dá linn, chinn an tAire scéim eatramhach a chur i bhfeidhm do 2021, bunaithe ar an reachtaíocht reatha. Le cur chuige na scéime eatramhaí is féidir leanúint de thacú le gníomhaíocht sábhála fuinnimh in 2021; laghdaítear ar an gcur isteach ar na páirtithe faoi oibleagáid agus na páirtithe leasmhara atá i gceist;

[13] Tá an figiúr seo bunaithe ar phríomhchoigealtas fuinnimh 4,600 GWh, nuashonraithe ag deireadh Eanáir 2021.

agus cinntítear freisin go gcomhlíontar an EED leasaithe agus cinntí an Aire atá déanta cheana. Leis an tréimhse eatramhach 2021 cinntítear go dtosaíonn an seachadadh i gcoinne sprioc Airteagal 7 na hÉireann mar atá beartaithe ón 1 Eanáir 2021. Ar an dóigh chéanna, ligeann sé do na spriocanna agus an seachadadh go léir in 2021 a bheith curtha san áireamh i ndearadh EEOS 2022-30, ag cuidiú le haistriú réidh do chách atá páirteach. Níl sé ar intinn ag an Roinn aon athruithe a dhéanamh i dtaca leis an riarthóir, agus SEAI ag fanacht mar riarthóir scéime ar feadh na tréimhse oibleagáide 2021-30.

Sna ranna seo a leanas leagtar amach ár moltaí maidir leis na gnéithe deartha ábhartha den EEOS nua, le cur i bhfeidhm ó Eanáir 2022.

3 Páirtithe faoi Oibleagáid

Sa roinn seo leagtar amach moltaí DECC maidir leis na heintitis ba chóir oibleagáid a chur orthu faoin Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh (EEOS) agus conas é seo a dhéanamh.

Féach freisin ar Roinn 3 de Thuarascáil ECA do thuilleadh eolais faoin anailís a dtagraítear di sa roinn seo.

3.1 Páirtithe incháilithe

Tugtar 'páirtithe faoi oibleagáid' ar na heintitis a bhfuil dualgas orthu coigealtas fuinnimh a bhaint amach faoin EEOS. In Airteagal 7 den EED nótáiltear, nuair a bhaintear úsáid as scéim oibleagáide, go bhfuil iallach ar Bhallstáit páirtithe faoi oibleagáid a ainmniú ar bhonn oibiachtúil agus neamhidirdhealaitheach i measc na ngrúpaí seo a leanas:

- Dáilitheoirí fuinnimh
- Comhlachtaí miondíolacháin fuinnimh
- Dáilitheoirí nó miondíoltóirí breosla iompair

Chun críche an doiciméid seo, déanfar tagairt do na grúpaí thuasluaite le chéile mar 'pháirtithe incháilithe'. Ar leibhéal níos mionsonraí, áiritear le páirtithe incháilithe:

- Na dáilitheoirí go léir, lena n-áirítear oibritheoirí córais dáiliúcháin atá freagrach as fuinneamh a iompar, lena n-áirítear breosla iompair, ag féachaint lena sheachadadh chuig custaiméirí deiridh nó chuig stáisiúin dáiliúcháin a dhíolann fuinneamh le custaiméirí deiridh. Meastar freisin gur dáilitheoirí iad allmhaireoirí faoin sainmhíniú seo toisc go ndéanann siadsan fuinneamh a iompar ag féachaint lena sheachadadh go custaiméirí deiridh nó chuig stáisiúin dáiliúcháin a dhíolann fuinneamh le custaiméirí deiridh.
- Na comhlachtaí miondíolacháin go léir a dhíolann fuinneamh, lena n-áirítear breoslaí iompair, le custaiméirí deiridh.

De réir an tsainmhínithe, tá na páirtithe incháilithe uile páirteach, go díreach nó go hindíreach, i ndíolachán fuinnimh d'úsáid dheiridh ag custaiméirí deiridh. Ní dhéanann an EED idirdhealú idir fuinneamh inathnuaite agus foirmeacha eile fuinnimh, le 'fuinneamh'

sainmhínithe mar na foirmeacha *uile* de tháirgí fuinnimh, breoslaí indóite, teas, fuinneamh inathnuaite, leictreachas nó aon chineál eile d'fhuinneamh[14][15].

3.2 Páirtithe faoi oibleagáid a ainmniú

Tá cead ag Ballstáit rogha a dhéanamh cén páirtithe incháilithe le dualgas a chur orthu, lena n-áirítear cé acu nár chóir ach fochatagóirí áirithe díobh sin a mheastar a bheith incháilithe a chur faoi oibleagáid, ar an gcoinníoll go bhfuil bonn imleor chun é sin a dhéanamh[16]. Aitheantas is ea é seo de chuid an Choimisiúin Eorpaigh go bhfuil struchtúr na n-earnálacha fuinnimh éagsúil ó Bhallstát go Ballstát agus go mbíonn tionchar ag na héagsúlachtaí seo ar an bhformáid is fearr den EEOS.

Agus na páirtithe faoi oibleagáid á ainmniú aige, ní mór do DECC machnamh a dhéanamh ar a roinnt tosca: nithe praiticiúla amhail an t-ualach riaracháin a íoslaghdú, comhréireacht na dtionchar ar eintitis laistigh den earnáil agus íoslaghdú ar aon tionchar a dhéanfadh saofacht ar iomaíocht agus, ar deireadh, na tionchair ar phraghsanna agus ba tionchair eacnamaíochta a ghabhann leo.

3.3 Cumhdach margaidh

Faoi EEOS 2014-2020 cuireadh eintitis sna margaí fuinnimh go léir, lena n-áirítear leictreachas, gás nádúrtha, breosla leachtach agus breosla soladach, faoi oibleagáid. Tá iliomad cúiseanna le leanúint de sin. Déantar oibleagáid na hÉireann Airteagal 7 a ríomh i gcomparáid le hídiú iomlán fuinnimh deiridh, faighte ar an meán thar na mblianta 2016-2018[17]. Tá leathnú thionchar an chostais thar soláthraithe ag baint tairbhe as díolachán an fhuinnimh go léir comhréireach. Déanann sé seo deimhin de go ndéantar aon tionchar a dhéanfadh saofacht a íoslaghdú trí shrian a chur ar na tionchair ionadaíochta fuinnimh fhéideartha a d'fhéadfaí tarlú trí oibleagáid a chur ar eintitis i bhfoirgneamh amháin agus ní i gceann eile. Aithnítear leis freisin nádúr tras-earnála na héifeachtúlachta fuinnimh agus is é a bhíonn mar thoradh air iomaíocht níos mó agus nuálaíocht i seachadadh na mbeart. Mar sin, tá DECC ag moladh go leanfaidh EEOS 2021-30 d'oibleagáid a chur ar pháirtithe incháilithe sna margaí leictreachais, gás nádúrtha, breosla leachtach agus breosla soladach.

[14] Airteagal 2 den EED
[15] Seo é 'aon fhoirm eile d'fhuinneamh' mar a luaitear in Airteagal 2 den EED, agus mar a shainítear in Airteagal 2(d) de Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2008 maidir le staidreamh fuinnimh (1)
[16] Airteagal 7a, alt 2 den EED
[17] Airteagal 7, alt 1 den EED

Ceist 3.1: An aontaíonn tú lenár moladh go gcumhdódh an EEOS eintitis ar fud na bpríomh-mhargaí fuinnimh go léir - leictreachas, gás nádúrtha, breosla leachtach agus breosla soladach?

3.4 Margaí fuinnimh na hÉireann

In Éirinn, feidhmíonn gach margadh fuinnimh ar bhealach éagsúil agus bíonn cineálacha éagsúla de pháirtithe incháilithe iontu. I bhfianaise na struchtúr margaidh éagsúla sin b'fhéidir nach mbeidh sé iomchuí páirtithe a chur faoi oibleagáid ag an bpointe céanna sa slabhra soláthair ar fud na margaí go léir. Ina theannta sin, ní mór don scéim aird a bheith aige ar éascacht an riaracháin agus ar infhaighteacht na sonraí imleor nuair a bheifí ag cinneadh ar pháirtithe faoi oibleagáid. Mar sin, tá scrúdú ar leith déanta ar gach struchtúr margaidh lena chinneadh cén páirtithe incháilithe ba chóir oibleagáid a chur orthu.

Breosla leachtach

B'ionann breosla leachtach agus beagnach 60% d'ídiú fuinnimh deiridh iomlán in Éirinn in 2019[18]; ar bhain trí cheathrú de le hiompar. Tá margadh an bhreosla leachtaigh réasúnta casta agus tá iliomad páirtithe incháilithe páirteach in díol, ceannach agus dáileadh an táirge. Is thuas in airde sa slabhra soláthair atá an margadh níos dlúite, áit a ndéantar breosla leachtach a ollmharú isteach sa tír. Tá líon teoranta de chomhlachtaí á ollmharaíonn breosla leachtach go hÉirinn. Níos faide síos sa slabhra tá an margadh níos scoilte ná ag an bpointe ina dtagann an táirge isteach sa tír.

Tá sé an-deacair sonraí faoi sciar den mhargadh a bhunú do neart codanna de mhargadh an bhreosla leachtaigh. Tá DECC ag moladh, **as na páirtithe incháilithe i margadh an bhreosla leachtaigh, nár chóir ach na hollmhaireoirí de bhreosla leachtach ag feidhmiú in Éirinn, *os cionn méid áirithe*, a chur faoi oibleagáid.** Seo é an rud is fearr ó thaobh riaracháin de toisc go bhfuil an fáil ar eolas thíos sa slabhra soláthair do bhreosla leachtach bocht, gan ach beagán sonraí ar fáil ar na méideanna atá á gceannach agus á ndíol. I gcomparáid leis sin, tá a dhóthain eolais thuas sa slabhra ón allmhairiú go dtí an pointe ar a n-íoctar na tobhaigh NORA agu Bithbhreosla.

[18] Baineann an figiúr ardleibhéil seo le hídiú deiridh iomlán agus áirítear leis fuinneamh díolta agus fuinneamh táirgthe d'úsáid deiridh féin, Fuinneamh in Éirinn – Tuarascáil 2020.

Breosla soladach

B'ionann breosla soladach (a chuimsíonn gual, móin agus bithmhais) agus thart ar 5% den ídiú fuinnimh deiridh iomlán in Éirinn in 2019[19], agus é measta go dtitfidh úsáid guail agus móna faoi thart ar leath faoi 2030 mar thoradh ar nádúr athraitheach mheascán fuinnimh na hÉireann[20]. Is beag cosc atá ar iontráil i margadh an bhreosla sholadaigh agus is éasca táirgí a iompar agus a stóráil. Tá leibhéil ísle rialachais ar an margadh.

Tá DECC ag moladh do mbeadh **na páirtithe incháilithe go léir atá ag feidhmiú i margadh an bhreosla sholadaigh in Éirinn, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil breosla soladach á allmhairiú, á ndáileadh agus/nó á soláthar, *os cionn méid áirithe*, a bheith faoi oibleagáid.**

Fuinneamh Líonraithe – Leictreachas agus Gás Nádúrtha

Le chéile, b'ionann leictreachas agus gás nádúrtha agus thart ar 35% d'ídiú fuinnimh deiridh na hÉireann in 2019[21]. Tá struchtúr an fhuinnimh líonraithe éagsúil go maith ó struchtúr na mbreoslaí leachtacha agus soladacha toisc, cé go bhfuil saoirse ag tomhaltóirí a rogha a dhéanamh as measc soláthraithe ceadúnaithe leictreachais agus gáis nádúrtha, is iad oibritheoirí córais dáiliúcháin (DSOs), ESB Networks (ESBN) agus Gas Networks Ireland (GNI) faoi seach a sholáthraíonn rochtain go heisiach ar na líonraí dáiliúcháin leictreachais agus gáis nádúrtha in Éirinn. Tá miondíoltóirí gáis agus leictreachais measartha dlúite agus tá a dhóthain sonraí ann maidir le leibhéil díolacháin. Tá DECC ag moladh, **as na the páirtithe incháilithe sna margaí gáis agus leictreachais, nár chóir ach comhlachtaí miondíola soláthair fuinnimh, *os cionn méid áirithe*, a chur faoi oibleagáid.**

Cé gur páirtithe incháilithe iad, níl sé molta DSOs a chur faoi oibleagáid ag an bpointe seo. Tá roinnt cúiseanna dó seo. Mar mhonaplachtaí nádúrtha i seilbh an Stáit agus á rialú ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntas (CRU), tá suíomh uathúil ag na DSOs i margadh an fhuinnimh. Tá orthu feidhmiú ar bhealach neodrach agus neamhidirdhealaitheach, lena dtáillí líonra socraithe ag an CRU lena chinntiú nach bhfaigheann siad ar ais ach na costais riachtanacha d'fheidhmiú éifeachtach an líonra.

---

[19] Baineann an figiúr ardleibhéil seo le hídiú deiridh iomlán agus áirítear leis fuinneamh díolta agus fuinneamh táirgthe d'úsáid deiridh féin, Fuinneamh in Éirinn – Tuarascáil 2020. Maidir le breoslaí soladacha a tháirgtear d'úsáid deiridh féin (go príomha ag baint le bithmhais) is dócha gurb ionann é agus thart ar 30% d'ídiú deiridh iomlán breoslaí soladacha.

[20] Mar a luaitear i dTuarascáil A bunaithe ar Iarscríbhinn 1, Cuid 2 den NECP

[21] Baineann an figiúr ardleibhéil seo le hídiú deiridh iomlán agus áirítear leis fuinneamh díolta agus fuinneamh táirgthe d'úsáid deiridh féin, Fuinneamh in Éirinn – Tuarascáil 2020.

Dá gcuirfí oibleagáid ar na DSOs bheadh leathnú dá sainchúram i gceist, a d'fhéadfadh cur isteach ar a gcumas le comhlíonadh leis na riachtanais rialála agus dlí a chuirtear orthu mar DSOs. Mar shampla, má ghabhtar do ghníomhaíochtaí neamhlárnacha iomaíocha d'fhéadfaí coimhlint a bheith ann lena ról mar éascaitheoir margaidh neodrach agus na riachtanais díchuachta faoi Threoir 2009/72/CE agus Treoir 2009/73/CE[22]. Ina theannta sin, dá dtabharfaí isteach oibleagáid coigiltis fuinnimh ar na DSOs bheadh na margaí sin faoi oibleagáid ag dhá phointe sa slabhra soláthair, ó tharla go bhfuil DECC ag moladh freisin go gcuirfí comhlachtaí soláthair fuinnimh miondíola faoi oibleagáid. Dá bhrí sin, b'fhéidir go mbeadh níos mó costais i dtaca leis an EEOS á gcur ar aghaidh chuig úsáideoirí deiridh leictreachais agus gáis nádúrtha, agus nach mbeadh an t-ualach céanna ar bhreosla eile in iomaíocht leo. Ar deireadh, má chuirtear oibleagáid ar pháirtithe i margadh iomaíoch déantar bearta éifeachtúlachta fuinnimh a sheachadadh ar an mbealach is lú costais. Ní bhíonn na fórsaí iomaíocha seo ann nuair a bhíonn eintiteas ag feidhmiú mar mhonaplacht. Mar sin, measann DECC nach mbeadh sé iomchuí iarraidh ar na DSOs bearta coigealtais fuinnimh a sheachadadh faoin EEOS ar nós páirtithe eile faoi oibleagáid.

Ceist 3.2: An aontaíonn tú lenár moladh go gcuirfí na cineálacha páirtithe incháilithe thuas laistigh de gach margadh faoi oibleagáid, dá mbeidís os cionn méid áirithe (mar a phléitear thíos), is é sin:

a) as na páirtithe incháilithe i margadh an bhreosla leachtaigh, gan ach na hallmhaireoirí de bhreosla leachtach atá ag feidhmiú in Éirinn;
b) as na páirtithe incháilithe i margadh an bhreosla soladaigh, na h-eintitis go léir, lena n-áirítear na hallmhaireoirí, dáilitheoirí agus/nó soláthraithe go léir atá ag feidhmiú in Éirinn;
c) as na páirtithe incháilithe i margaí an leictreachais agus an gháis nádúrtha, gan ach na comhlachtaí soláthair miondíola fuinnimh atá ag feidhmiú in Éirinn?

3.5 An tairseach oibleagáide

Sa mhéid thuas, leag an Roinn amach na páirtithe incháilithe i ngach margadh fuinnimh ba chóir, dar leis an Rialtas, a bheith faoi oibleagáid (ag brath ar mhéid). Anseo thíos, leagtar amach ár moltaí maidir leis an bpointe ag ar chóir dóibh dul faoi oibleagáid (an tairseach oibleagáide) agus struchtúr an tairsigh.

Is é tairseach oibleagáide an pointe ag a rachaidh páirtithe faoi oibleagáid. Is é an cuspóir le tairseach a áireamh, seachas páirtithe de gach méid a chur faoi oibleagáid, ná a chinntiú

[22] Airteagal 26 de Treoir 2009/72/CE agus Treoir 2009/73/CE

nach ionann na costais a ghabhann le EEOS a chur i bhfeidhm (go háirithe na costais seasta riaracháin) agus cosc míréasúnta ar iontráil do chomhlachtaí nua, agus iomaíocht sna margaidh a laghdú. Cé go bhfuil sé tábhachtach chun eintitis níos lú a chosaint, tá sé riachtanach freisin a chinntiú nach socrófar leibhéal an tairsigh ró-ard, ag tabhairt buntáiste iomaíoch d'eintitis níos lú thar na páirtithe atá faoi oibleagáid, go háirithe laistigh dá (bpríomh-)margadh fuinnimh féin. Ina theannta sin seachnaíonn sé castacht riaracháin agus costas gan ghá ag eascairt as oibleagáidí a bhainistiú don iliomad páirtithe beaga.

3.5.1 Meadrach an tairsigh

Ag brath ar an rud is oiriúnaí, b'fhéidir go socrófar tairsigh oibleagáide i dtéarmaí méid an fhuinnimh a sholáthraítear nó líon na gcustaiméirí. Don EEOS 2014-20, shocraigh Éire tairseach bunaithe ar líon díolachán fuinnimh bliantúla (GWh). Modheolaíocht oibiachtúil, chóir agus trédhearcach is ea é seo, agus tá feidhm leis ar na páirtithe faoi oibleagáid uile atá beartaithe. Mar sin, moltar go mbainfí úsáid as an meadrach céanna don tairseach oibleagáide do EEOS 2021-30, bunaithe ar dhíolacháin fuinnimh dheiridh agus luaite i bhfuinneamh deiridh, i gcomhréir leis na spriocanna don EEOS[23].

Ceist 3.3: An aontaíonn tú lenár moladh go socrófaí an tairseach oibleagáide i dtéarmaí líon na ndíolachán fuinnimh deiridh (GWh)?

3.5.2 Leibhéal an tairsigh

Mar atá luaite thuas, bíonn an rogha de tairseach oibleagáide cuí faoi thionchar ag an mian le bacanna ar iontráil sa mhargadh a choimeád íseal, agus ag an am céanna a bheith eolach faoin gcumas atá ann go ndéanfadh beartas an Rialtais an margadh fuinnimh a shaobhadh trí chostais bhreise a chur ar sholáthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh áirithe agus ní ar chinn eile. Ar an gcúis seo, is é mian DECC tromlach suntasach den mhargadh a chumhdach.

D'fheidhmigh EEOS 2014-2020 le tairseach de líon íosta díolachán fuinnimh de 600 GWh. Bunaithe ar an tairseach, áfach, bhí an cumhdach ar mhargadh na mbreoslaí soladacha lag. Cé nach raibh díolacháin de bhreosla soladach freagrach as thart ar 3.5% d'ídiú fuinnimh deiridh in 2019[24], meastar go bhfuil sé cóir scóip na hoibleagáide laistigh den mhargadh seo agus dar le DECC d'fhéadfadh luach a bheith ann in ísliú an tairsigh. Ar an mbonn seo, rinne ECA anailís ar na tionchair a bheadh ag ísliú leibhéal an tairsigh go 400 GWh nó 200 GWh.

[23] Tá na doiciméid agus tuarascálacha ar fad a bhaineann leis an gcomhairliúchán seo ar fáil ar gov.ie
[24] Baineann an figiúr seo le díolacháin fuinnimh agus ní áirítear leis breosla soladach a tháirgtear d'úsáid deiridh féin.

Féach ar Roinn 3.2 den Tuarascáil ECA do shonraí iomlána agus torthaí na hanailíse seo.

Thug an anailís seo[25] le fios nach bhfuil acht thart ar 18% den ídiú fuinnimh deiridh breosla soladach (go príomha ag baint le díolacháin guail agus móna) cumhdaithe leis an tairseach ag fanacht ag 600 GWh de líon díolacháin. Ach má íslítear leibhéal an tairsigh go 400 GWh nó 200 GWh méadaítear cumhdach sa mhargadh seo go suntasach[26]. I bhfianaise méid coibhneasta mhargadh na mbreoslaí soladacha margadh, bheadh tionchar teoranta ag cumhdach níos mó ar sholáthraithe breoslaí soladacha ar mhéid oibleagáidí na páirtithe eile faoi oibleagáid.

I gcodarsnacht, do bhreosla leachtach, maidir leis na heintitis ar fad atá san áireamh san anailís, tá méideanna díolacháin acu de bhreis ar an tairseach reatha 600 GWh in aghaidh na bliana. Mar an gcéanna, sna margaí leictreachais agus gáis nádúrtha tá tromlach suntasach de dhíolacháin an mhargaidh cumhdaithe ag an EEOS beag beann ar leibhéal an tairsigh a bheith ag 600GWh, 400GWh, nó 200GWh. Mar sin, dá n-ísleofaí an tairseach is dócha nach mbeadh ach tionchar beag aige ar a bhfuil faoi oibleagáid sna margaí seo.

Ina theannta sin, dá n-ísleofaí an tairseach d'fhéadfaí a chinntiú go gcosnaítear an scéim ar aon shuaitheadh sna margaí leictreachais agus gáis nádúrtha. Faoi láthair, tá díolacháin bhliantúla idir 50 agus 200 GWh ag iliomad eintitis. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh líon na n-eintiteas laistigh den raon díolacháin 200 go 600 GWh fás agus dá bhfanfadh an tairseach ag 600 GWh bheadh iarmhairtí ann do sciar na bpáirtithe faoi oibleagáid agus díolacháin deiridh cumhdaithe ag an EEOS.

3.5.3 Struchtúr an tairsigh

Ina fhormáid reatha tá tionchar costais na scéime i gcomparáid le díolacháin fuinnimh ar an iomlán níos ísle d'eintitis mhóra, de bharr barainneacht scála. Dá n-ísleofaí an tairseach gan aon bhearta cúitimh a thabhairt isteach mhéadófaí an difríocht agus chuirfí iallach níos mó ar eintitis níos lú. Ag aithint na dtionchar indíreach seo ar ísliú an tairsigh, scrúdaigh ECA freisin an tionchar a bheadh ar 'liúntas saor' a thabhairt isteach do na páirtithe uile (**san áireamh freisin i Roinn 3.2 de Thuarascáil ECA**). Má chuirtear liúntas saor ar fáil ciallaíonn sé sin nach ndéanfaí agus díolacháin imeallacha os cionn an tairsigh oibleagáide a mheas nuair a bheadh spriocanna á ndáileadh i.e. bheadh spriocanna na bpáirtithe faoi

[25] Ní raibh sonraí cuimsitheach díolacháin do bhreoslaí soladach ar fáil don anailís seo.
[26] Ag ardú go 31% agus 38% den ídiú fuinnimh deiridh faoi seach.

oibleagáid bunaithe ar líon díolachán bliantúla ag gach páirtí faoi oibleagáid, glan ar an liúntas saor.

Mura mbíonn liúntas saor ann cruthaítear “ciumhais aille” agus is féidir leis feidhmiú mar dhídhreasacht ar fhás do chomhlachtaí atá díreach faoi bhun an tairsigh oibleagáide. Dá bhfanfadh an tairseach ag 600 GWh agus dá dtabharfaí liúntas saor isteach, bheadh tionchar costais níos ísle in aghaidh GWh díolta ar eintitis níos lú (nó orthu sin atá díreach os cionn an tairsigh oibleagáide) ná mar a bheadh orthu siúd le díolacháin bhliantúla níos mó. Ag an tairseach 400 GWh áfach, tá an tionchar thar eintitis de mhéideanna éagsúla níos cothroime. Léiríonn sé seo go ligeann meicníocht liúntais saoir leis an tairseach oibleagáide a ísliú gan costais aonaid dhíréireacha a chur ar eintitis níos lú. Mar achoimre, tacaíonn meicníocht an liúntais saoir le heintitis níos lú chun a n-oibleagáid a bhaint amach agus tógann an tairseach níos lú níos mó páirtithe isteach san EEOS agus cuirtear cumhdach margaidh níos mó ar fáil leis. Dá bhrí sin, moltar go socrófaí an tairseach oibleagáide ag díolacháin fuinnimh deiridh bhliantúla 400 GWh, le struchtúr liúntais saoir.

Ceist 3.4: An aontaíonn tú lenár moladh go socrófaí leibhéal an tairsigh oibleagáide leibhéal ag díolacháin fuinnimh deiridh 400 GWh in aghaidh na bliana, in éineacht le liúntas saor a thabhairt isteach?

3.6 Riachtanais faisnéise agus an próiseas socrúcháin spriocanna

Sa mhéid thuas, leag DECC amach na páirtithe incháilithe a mheasann sé ba chóir a bheith faoi oibleagáid agus thugamar cur síos ar struchtúr beartaithe de liúntas saor ba chóir cur leis an gcothromaíocht nuair a shocrófar spriocanna. Beidh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), mar riarthóir scéime, freagrach as:

- a dhearbhú cé acu an bhfuil eintiteas faoi oibleagáid nó nach bhfuil, agus/nó
- spriocanna a shocrú do na páirtithe uile faoi oibleagáid.

Maidir leis seo, tá sé ar intinn ag DECC a éileamh, maidir leis na páirtithe uile faoi oibleagáid, nó páirtithe incháilithe a d’fhéadfaí a chur faoi oibleagáid go luath, go ndéanfaidís, ar iarratas, eolas maidir le díolacháin fuinnimh deiridh bhliantúla do SEAI, agus aon eolas eile a mheasfaidh SEAI go bhfuil gá leis chun na próisis[27]thuasluaite a dhéanamh agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

[27] Do chúiseanna praiticiúla, beidh spriocanna bunaithe ar dhíolacháin le haga.

Beidh na soláthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh go léir freagrach as a chinneadh cé acu an sásaíonn siad, nó a bhféadfaidís a shásamh, an sainmhíniú ar pháirtí faoi oibleagáid, agus más rud é nach raibh siad faoi oibleagáid roimhe, dul i dteagmháil le SEAI chun a riachtanais a phlé. Tá sé de fhreagracht ar an bpáirtí faoi oibleagáid dul i dteagmháil le SEAI má mheasann siad go bhféadfaidís a bheith faoi oibleagáid. Má mheasann SEAI go bhféadfaidh soláthraí nó dáilitheoir fuinnimh an sainmhíniú ar pháirtí faoi oibleagáid a shásamh, beidh siadsan ábalta freisin an t-eolas ábhartha a iarraidh. Leis an gcur chuige seo cinnteofar gur ar na páirtithe uile faoi oibleagáid atá ualach na hoibleagáide, mar atá beartaithe, agus ceadófar próiseas níos cuimsithí agus níos daingne do shocrú spriocanna.

Tá sé tábhachtach a nótáil, má sholáthraíonn páirtí incháilithe fuinneamh i níos mó ná margadh fuinnimh amháin, go gcuirfear a ndíolacháin fuinnimh deiridh le chéile i ngach margadh san áireamh nuair a bheifear ag cinneadh cé acu an bhfuil siad os cionn an tairsigh oibleagáide, agus go socrófar aon spriocanna ina dhiaidh sin freisin le haird ar a ndíolacháin fuinnimh deiridh iomlána.

I dtaca le hathruithe ar sciaranna den mhargadh, faoi EEOS 2014-20, ghlac SEAI cur chuige pragmatach ‘10%’ i dtaca leis an láimhseáil ar athruithe i sciar an mhargaidh chun suaitheadh ar pháirtithe faoi oibleagáid a laghdú. Ar an mórchóir, chiallaigh sé sin nach ndearna athruithe sa mhargadh aon athrú ar spriocanna na bpáirtithe faoi oibleagáid ach amháin dá mba rud é go raibh athrú seasmhach níos mó ná 10% ag páirtí amháin faoi oibleagáid nó níos mó ar líon na ndíolachán margaidh. Mar an gcéanna, níor rinneadh aon athrú ar cé a bhí faoi oibleagáid ach amháin dá mba rud é gur bhog an páirtí ábhartha os cionn an tairsigh oibleagáide nó faoina bhun le níos mó ná 10% in aon bhliain amháin, nó le níos lú ná 10% thar dhá bhliain as a chéile[28]. Meastar go nglacfar le cur chuige pragmatach cosúil leis sin don EEOS 2021-30, chun ualach riaracháin agus suaitheadh gan ghá a sheachaint.

Ceist 3.5: An mian leat aon tuairimí sonracha a lua i dtaca leis an gcur chuige thuas maidir le socrú spriocanna?

[28] https://www.seai.ie/publications/EEOS-Guidance-Document.pdf

4 Sprioc EEOS 2021-30

Sa roinn seo tugtar cur síos ar an sprioc iomlán EEOS atá molta don tréimhse oibleagáide 2021-30 agus moltaí ar an gcaoi ina bhféadfadh caitheamh le fuinneamh iompair mar chuid den sprioc seo.

Féach freisin ar Thuarascáil ECA do thuilleadh eolais faoin anailís a dtagraítear di sa roinn seo.

4.1 Oibleagáid Airteagal 7

Faoi Airteagal 7 den EED, ní mór do na Ballstáit coigealtas fuinnimh carnach úsáide deiridh atá ar laghad cothrom le coigealtas nua gach bliain ón 1 Eanáir 2021 go 31 Nollaig 2030 de 0.8% den ídiú fuinnimh deiridh bliantúil, meánaithe thar an tréimhse trí bliana is déanaí roimh 1 Eanáir 2019[29]. Don ríomh bonnlíne seo, ní mór d'ídiú fuinnimh deiridh a chur san áireamh fuinneamh a dhíoltar le hídiú agus fuinneamh a ghintear d'úsáid deiridh féin (e.g. leictreachas a ghintear le córais fhótavoltacha nó teas ar an láthair a ghintear le coirí bithmhaise). Is í oibleagáid Airteagal 7 na hÉireann, arna ríomh bunaithe ar mheanídiú deiridh thar na hearnálacha go léir sa tréimhse 2016-18[30], 60,707 GWh coigealtas fuinnimh deiridh carnach, coibhéis de mheán 1,104 GWh de choigealtas nua bliantúil[31], agus is ionann sin agus comhpháirt thábhachtach chun uaillmhian agus spriocanna na hÉireann i gcoitinne a sheachadadh.

Tá sé cinnte ag an Aire cheana féin go mbainfidh Éire a hoibleagáid Airteagal 7 amach ag baint úsáide as meascán de bhearta malartacha chun codán den choigealtas fuinnimh riachtanach a sheachadadh, leis an bhfuílleach le seachadadh tríd scéim oibleagáide éifeachtúlachta fuinnimh (EEOS)[32]. Baineadh úsáid go rathúil as an gcur chuige measctha seo don tréimhse 2014-20; tugann sé an tsolúbthacht is mó d'Éirinn chun an sprioc cheangailteach seo a bhaint amach; agus ceadaíonn sé costas an chomhlíonta a roinnt idir an Státchiste agus páirtithe faoi oibleagáid.

[29] Airteagal 7, alt 1 den EED
[30] Ídiú fuinnimh deiridh do na trí bliana is déanaí ar fáil roimh Eanáir 2019: https://ec.europa.eu/eurostat/web/táirgí-datasets/-/t2020_34
[31] Is é an figiúr carnach coigealtais (60,707 GWh) don tréimhse oibleagáide 10 mbliana an an figiúr coigealtais bliantúil nua (1,104 GWh) iolraithe faoi 55 (i.e. (bliain 1 = 1104x10) + (bliain 2 =1104x9) + (bliain 3 =1104x8)…(bliain 10 = 1104x1)). Léirítear é seo freisin i dTábla 4 i Roinn 7.1.
[32] Cinneadh Ardleibhéil maidir le cur chun feidhme Airteagal, Meitheamh 2020

Agus cinneadh á dhéanamh cén chodán den sprioc ba chóir a shásamh le bearta malartacha agus cén chodán ba chóir a shásamh leis an EEOS, ní mór machnamh a dhéanamh faoi neart tosca, mar shampla, leibhéil an choigiltis atá incháilithe do Airteagal 7 is féidir a bhaint amach go réalaíoch trí cheachtar den dá chainéal; an costas féideartha don stát, do pháirtithe faoi oibleagáid agus do thomhaltóirí fuinnimh as an sprioc fhoriomlán a bhaint amach; agus comhlántacht na mbeart ag cuidiú leis na cuspóirí ábhartha beartais ar fad a bhaint amach.

Ba chóir a rá arís gur é an príomhchuspóir a shainaithint conas is féidir le hÉirinn 100% dá hoibleagáid a bhaint amach agus comhlíonadh a chinntiú go sonrach i dtaca le hAirteagal 7. Le seachadadh na hoibleagáide, trí mheascán de bhearta malartacha agus EEOS, tiocfaidh tairbhí i bhfad níos leithne d'Éirinn, amhail laghdú ar astuithe CO_2, margadh na héifeachtúlachta fuinnimh a spreagadh agus laghdú ar an ngá le huasghráduithe tarchuir agus dáilte, ach is é is príomhchúram d'Éirinn i dtaca le sprioc cheangailteach den mhéid seo, a chinntiú gur féidir agus go ndéanfaidh ranníocaíocht mheasctha dár mbearta malartacha agus EEOS a dhóthain coilgealtais incháilithe do Airteagal 7.

4.2 Bearta Malartacha

Agus iad ag cuidiú lena fháil amach cad í an chothromaíocht ranníocaíochta chuí ba chóir a bheith ann, rinne ECA athbhreithniú cuimsitheach ar bhearta beartais atá ar siúl nó atá beartaithe in Éirinn, conas is féidir leo riachtanais Airteagal 7 i dtaca le coigealtas fuinnimh a shásamh, agus a ranníocaíocht fhéideartha mar bhearta malartacha incháilithe chun oibleagáid Airteagal 7 a shásamh. **Tá sonraí iomlána agus torthaí an athbhreithnithe seo san áireamh i Roinn 2 de Thuarascáil ECA**.

Mar achoimre:

- Rinne an t-athbhreithniú machnamh ar aon bhearta beartais atá ar bun cheana féin a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le coigealtas fuinnimh úsáide deiridh i gcomhréir leis na critéir an-shonrach i dtaca le breisíocht agus ábharthacht a leagtar amach in Iarscríbhinn V den EED, chomh maith le bheith intomhaiste agus infhíoraithe, nó an cumas sin a bheith ann.
- Agus meastóireacht á dhéanamh ar leibhéal an choigiltis fhéideartha a d'fhéadfaí a bhaint amach thar an tréimhse oibleagáide as gach ceann de na bearta malartacha incháilithe seo, bhí sé riachtanach glacadh le tuairimí áirithe, lena n-áirítear conas a gcaithfí le bearta á dtacú le beart malartach agus páirtí faoi oibleagáid araon. Faoin EEOS 2014-20 rinneadh an chreidiúint coigiltis fuinnimh iomlán a lua leis an bpáirtí faoi oibleagáid as bearta a bhí 'cómhaoinithe', mar shampla nuair a fuair teaghlach deontas

athfheistithe SEAI ach fuair maoiniú freisin ó pháirtí faoi oibleagáid. Chuidigh an socrú seo le laghdú ar an ualach airgeadais ar pháirtithe faoi oibleagáid agus a spriocanna á seachadadh acu, agus ag an am céanna méadú ar fhairsinge agus éifeachtúlacht chláir éifeachtúlachta fuinnimh an Rialtais. De bhithin gan ach an coigealtas fuinnimh díortha ábhartha faoi EEOS a chomhaireamh, cinntíodh gur seachnaíodh comhaireamh dúbailte freisin. Glacadh leis don anailís go leanfaí den chur chuige seo don tréimhse oibleagáide 2021-30, agus mar sin níor cuireadh ach coigealtas ó bhearta a mheastar a bheidh neamhspleách ar an EEOS san áireamh sna meastacháin ar bhearta malartacha.

- Bunaithe ar an athbhreithniú cuimsitheach seo, meastar mar sin go bhfuil bearta malartacha a fheidhmíonn go neamhspleách ábalta thart ar 40% d'oibleagáid Airteagal 7 na hÉireann do 2021-30 a thabhairt. Ciallaíonn sé seo, as na bearta beartais atá ar bun cheana in Éirinn agus ar sprioc le coigealtas fuinnimh a sheachadadh thar na 10 mbliana atá romhainn, ba chóir go mbeadh Éire ábalta coigealtas fuinnimh atá incháilithe do Airteagal 7 a thuairisciú atá cothrom le thart ar 40% dár n-oibleagáid iomlán.

I bhfianaise na gcuspóirí uaillmhianacha sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus sa Chlár Rialtais, agus i bhfianaise na hábharthachta atá ag neart de na spriocanna tábhachtacha seo don éifeachtúlacht fuinnimh agus Airteagal 7, tá gach seans go mbeidh fáil ar bhearta malartacha bhreise agus/nó méid níos mó coigealtais ó bhearta malartacha le linn na tréimhse 2021-2030, a d'fhéadfadh deiseanna a chur ar fáil chun na meastacháin thuas a leasú in airde. Ach dá bhfágfaí bearna chuig an sprioc ag an bpointe seo bheadh riosca suntasach ann don Stát agus ár n-oibleagáid Airteagal 7a iomlán á shásamh. Chomh maith leis sin, ag cur san áireamh na héiginnteachtaí beartais agus ríofa sa mheastóireacht ar rannpháirtíocht na mbeart malartach don tréimhse oibleagáide iomlán, mar a luaitear i dTuarascáil ECA, bheadh sé místuama, ag an bpointe seo, brath ar bhearta malartacha seachadta go neamhspleách do rannpháirtíocht níos mó ná 40% le hoibleagáid Airteagal 7 na hÉireann

4.3 Sprioc EEOS

Cé go dtugann an anailís ar bhearta malartacha le fios go bhfuil roinnt éiginnteachta ann maidir le fairsinge na sprice atá riachtanach don EEOS, níl sprioc níos airde ná 60% á mholadh ag DECC. Mar a luadh cheana, is é ár bpríomhchuspóir a shainaithint conas is féidir le hÉirinn 100% dá hoibleagáid Airteagal 7 a shásamh agus comhlíonadh a chinntiú. Ós rud é go gceadaíonn Airteagal 7 EEOS a chur i bhfeidhm chun oibleagáid na hÉireann a bhaint amach, agus go meastar gur chóir go soláthródh na bearta beartais atá ann cheana a dhóthain coigealtais nua le 40% ar a laghad den oibleagáid seo a shásamh, ní bheadh sé

cuí sprioc EEOS níos airde ná 60% a mholadh. Mar chuid d'anailís ECA, forbraíodh cuair costais do bhearta éifeachtúlachta fuinnimh faoi raon de chásanna (mar bhonn lenár moltaí sna ranna a leanann), agus i ngach cás glactar le sprioc EEOS cothrom le 60%. Cé go raibh éagsúlacht sna costais sna cásanna éagsúla, thug an anailís le fios, sna cásanna go léir, go raibh deiseanna coigealtais imleor ar fáil do pháirtithe faoi oibleagáid chun sprioc EEOS den mhéid seo a bhaint amach.

Mar sin, lena chinntiú go mbainfear amach an chothromaíocht de choigealtas incháilithe atá de dhíth chun oibleagáid Airteagal 7 na hÉireann a shásamh, tá DECC ag moladh go socrófar an sprioc fhoriomlán don EEOS ('an Sprioc EEOS') do 2021-30 ag 36,424 GWh de choigealtas fuinnimh deiridh carnach, cothrom le 60% den oibleagáid Airteagal 7. Féach an achoimre sprice atá i dTábla 1 thíos. Má bhreathnaítear ar seo go líneach[33], is ionann an sprioc seo agus meán thart ar 660 GWh de choigealtas nua gach bliain[34].

Cé go bhfuil an sprioc EEOS atá molta sprioc i gcomhréir leis an gcomhardú iomlán coigealtais 60%, tá sé beartaithe go leanfar le bearta cómhaoinithe a chomhaireamh ag páirtithe faoi oibleagáid i dtreo a spriocanna, mar sin déanfar an tacaíocht fóirdheontais do thomhaltóirí fuinnimh atá de dhíth chun an sprioc 60% a shroicheadh a roinnt idir páirtithe faoi oibleagáid tríd an EEOS agus an Stát trí bhearta malartacha[35]. Mar a luadh thuas, chomh maith le laghdú ar an ualach airgeadais ar pháirtithe faoi oibleagáid, tá sé seo ceaptha freisin le méadú ar ghlacadh le tacaí an Rialtais don éifeachtúlacht fuinnimh. Chomh maith leis sin, déanfaidh neart bearta beartais eile maoinithe ag an stát, atá beartaithe nó atá ar bun, tacaíocht a thabhairt, agus is dócha costas a laghdú, seachadadh coigealtais ag páirtithe faoi oibleagáid trí ghníomhaíochtaí cumasaithe agus éascaithe chun fuinneamh a shábháil. Mar shampla, tuarascálacha comhairle BER, feachtais faisnéise/bolscaireachta, oiliúint ar ghairmeoirí agus ceirdeanna, agus bonneagar seirbhíse amhail ionad ilfhreastail a bhunú.

[33] Agus ag glacadh leis go bhfuil fad saoil ar a laghad 10 mbliana ag na bearta go léir
[34] Tá na figiúirí sa doiciméad comhairliúcháin seo beagáinín éagsúil ó na cinn a cuireadh i láthair i dTuarascáil ECA. Mar a mhínítear i Roinn 1, baineadh úsáid as na figiúir a áiríodh i dTuarascáil ECA do chúiseanna léirithe chun meastachán a dhéanamh ar na himpleachtaí a bheadh ag roghanna éagsúla de dhearadh beartais. Ba chóir glacadh leis go bhfuil figiúirí a thugtar sa doiciméad seo ceart agus críochnúil nuair a bheidh machnamhá dhéanamh ar mholadh ar bith.
[35] Ní bhaineann incháilitheacht dá leithéid go huathoibríoch le scéimeanna deontais forbartha nó athdheartha go suntasach le linn fráma ama an EEOS.

Tábla 1: An Sprioc EEOS, i gcomparáid leis an oibleagáid Airteagal 7 fhoriomlán d'Éirinn

Sprioc/meicníocht	Seachadadh	% de Sprioc Airt 7	Coigealtas fuinnimh deiridh carnach
Oibleagáid Airteagal 7	Bearta malartacha agus EEOS	100%	60,707 GWh
Bearta malartacha	Seachadta go neamhspleách	40%	24,283 GWh
Sprioc EEOS	**Bearta cómhaoinithe san áireamh**	**60%**	**36,424 GWh**

Ceist 4.1: An aontaíonn tú lenár moladh gur chóir go sásófaí 60% d'oibleagáid Airteagal 7 na hÉireann do 2021-30, cothrom le 36,424 GWh coigealtas fuinnimh deiridh carnach, le Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh?

4.4 Iompar a aithint sa Sprioc EEOS

Don tréimhse oibleagáide 2021-30, tá ábharthacht mhéadaithe ag earnáil an iompair in Airteagal 7. Measann DECC gur chóir é seo a léiriú faoin EEOS, go háirithe sa chaoi ina n-aithnítear í sa Sprioc EEOS.

Don tréimhse oibleagáide 2014-20, tugadh an rogha do na Ballstáit ídiú fuinnimh deiridh laistigh d'iompar a eisiamh ón ríomh ar a n-oibleagáid 7 náisiúnta. Chinn formhór na mBallstát, lena n-áirítear Éire, ar leas a bhaint as an rogha sin, agus chuir sé seo ar ár gcumas ár n-oibleagáid fhoriomlán Airteagal 7 a laghdú go suntasach.

D'ainneoin iompar a eisiamh, fós cuireadh oibleagáidí ar sholáthraithe fuinnimh a úsáidtear san iompar faoi EEOS 2014-20 na hÉireann agus d'fhéadfadh na páirtithe faoi oibleagáid go léir rogha a dhéanamh bearta iompair a sheachadadh chun coigealtas a bhaint amach. Chomh maith leis sin, cinneadh go ndéanfaí codán beag den sprioc fhoriomlán EEOS (5%) a dháileadh go sonrach ar sholáthraithe nó dáilitheoirí fuinnimh a úsáidtear san iompar, leis an 95% eile den sprioc dáilte ar na soláthraithe fuinnimh nó dáilitheoirí fuinnimh nach n-úsáidtear san iompar. Go bunúsach, rinne sé seo an sprioc EEOS a dheighilt ina dhá sprioc – ceann amháin do sholáthraithe fuinnimh nó dáilitheoirí fuinnimh a úsáidtear san iompar agus ceann do sholáthraithe fuinnimh nó dáilitheoirí fuinnimh ar na hearnálacha eile go léir[36]. Rinne an sprioc d'fhuinneamh iompair deimhin de go raibh cineál éigin de sprioc

[36] Laistigh de gach grúpa imdhealaithe, dhéanfaí an sprioc a dháileadh ansin i gcomhréir le méid díolacháin incháilithe de gach páirtí faoi oibleagáid.

shainiúil ag soláthraithe nó dáilitheoirí fuinnimh iompair le seachadadh, ach leis an leibhéal 5%, ag aithint go raibh ídiú iompair eisiata ón ríomh ar oibleagáid Airteagal 7 na hÉireann, d'fheidhmigh sé mar 'uasteorainn shaorga' ar mhéid na sprice a fuair siad. Mar thoradh air seo fuair na soláthraithe nó dáilitheoirí d'fhuinneamh a úsáidtear san iompar sprioc i bhfad níos ísle ná mar a bhí dáilte air i gcomparáid le codán an ídithe fuinnimh a raibh earnáil an iompair freagrach as.

Tá iompar an-ábhartha don EEOS 2021-30 toisc, don tréimhse oibleagáide, níl an Coimisiún ag ligean d'Éirinn a thuilleadh iompar a chur as an áireamh chun ár n-oibleagáid Airteagal 7 fhoriomlán a laghdú. Chomh maith leis sin, chun Éire gan aon solúbthachtaí a úsáid inár gcur chuige chun sprioc a ríomh[37], agus mar sin, tá ídiú fuinnimh iompair curtha san áireamh go follasach sa ríomh ar ár n-oibleagáid Airteagal 7 do 2021-30. I bhfianaise na tábhachta nua agus suntasach seo, mar sin meastar é a bheith cuí go hiomlán go mbeadh soláthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh a úsáidtear san iompar freagrach as sciar den oibleagáid a fháil a léiríonn le fírinne an codán d'ídiú deiridh a bhfuil iompar freagrach as.

Mar sin, moltar go leanfar de chodán den Sprioc EEOS a dháileadh go sonrach ar na soláthraithe agus dáilitheoirí sin, ach go ndéanfaí méid na sprice sin a ailíniú níos iomchuí le hídiú. Thar an tréimhse 2016-18[38], bhí iompar freagrach as thart ar 40% d'ídiú fuinnimh deiridh na hÉireann[39], agus mar sin moltar go ndéanfaí 40% den Sprioc EEOS a dháileadh go sonrach ar na soláthraithe agus dáilitheoirí d'fhuinneamh a dhíoltar le húsáid san iompar ('Sprioc na nDíolachán Iompar'), leis an 60% eile de Sprioc EEOS dáilte ar na soláthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh neamh-iompair eile go léir, i gcóimheas le díolacháin fuinnimh neamh-iompair ('Sprioc na nDíolachán Neamh-Iompair'). Féach an achoimre sprice tá san áireamh i dTábla 2 thíos.

Mar a bhí don tréimhse oibleagáide roimhe, le gach grúpa scartha (i.e. na soláthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh iompair agus na soláthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh neamh-iompair), dhéanfaí an sprioc ábhartha a dháileadh i gcóimheas leis an líon díolachán incháilithe de gach páirtí faoi oibleagáid[40]. Don EEOS 2021-30, bhainfeadh díolacháin le díolacháin

[37] Cinneadh Ardleibhéil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 7, Meitheamh 2020
[38] An tréimhse a áirítear sa ríomh bonnlíne don oibleagáid Airteagal 7
[39] Tá sé seo ag teacht freisin leis na figiúirí ídithe deiridh is déanaí d'Éirinn (2019), a léiríonn gur bhain breis agus 42% le hiompar.
[40] Tagraíonn an 'méid díolacháin incháilithe' do na díolacháin ábhartha a mheastar i socrú spriocanna, a d'fhéadfadh a bheith ina ndíolacháin iomlána (mar a bhí do EOS 2014-20) nó, mar a mholtar i Roinn 3, díolacháin iomlána glan ar liúntas saor. Do chúiseanna praiticiúla, beidh spriocanna bunaithe ar dhíolahcáin le haga.

fuinnimh deiridh, ag teacht leis na spriocanna don EEOS[41]. Cosúil a bhformhór leis an bpróiseas le spriocanna a shocrú don EEOS 2014-20, i gcásanna ina bhfuil díolacháin fuinnimh iompar agus neamh-iompair araon ag páirtí faoi oibleagáid, beidh a Sprioc EEOS fhoriomlán bunaithe ar a gcodán coibhneasta de Sprioc na nDíolachán Iompar agus Sprioc na nDíolachán Neamh-Iompair. Féach Aguisín 2, ina bhfuil sampla oibrithe den mholadh seo chun cuidiú le tuiscint na bhfreagróirí.

D'ainneoin Sprioc na nDíolachán Iompar a bheith dáilte ar sholáthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh iompair, níl sé ar intinn ag DECC a iarraidh go sonrach go ndéanfaí coigealtas chun an sprioc seo a shásamh a sheachadadh trí bhearta iompair. Déantar na cúiseanna leis seo a phlé níos mionsonraí sa chéad roinn eile (Roinn 5).

Tábla 2: An Sprioc EEOS mar Sprioc na nDíolachán Iompar agus Sprioc na nDíolachán Neamh-Iompair

Sprioc	Bunús le ríomh	Sprioc EEOS %	Coigealtas fuinnimh deiridh carnach
Sprioc EEOS	Díolacháin fuinnimh deiridh go léir	100%	36,424 GWh
Sprioc na nDíolachán Iompar	Díolacháin fuinnimh deiridh go léir don iompar	40%	14,570 GWh
Sprioc na nDíolachán Neamh-Iompair	Díolacháin fuinnimh deiridh eile (neamh-iompair) go léir	60%	21,854 GWh

Ceist 4.2: An aontaíonn tú lenár moladh go ndéanfaí an Sprioc EEOS a imdhealú, le sprioc 40% dáilte ar na soláthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh iompair go léir (Sprioc na nDíolachán Iompar), agus sprioc 60% dáilte ar na soláthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh neamh-iompair go léir (Sprioc na nDíolachán Neamh-Iompair)?

[41] Bunaithe ar an gcinneadh ardleibhéil ar chur chun feidhme Airteagal 7, a foilsíodh i Meitheamh 2020 agus ar fáil anseo: https://assets.gov.ie/77866/026aac3f-3a30-43d0-b12f-cb788c4e94e4.pdf

5 Fospriocanna Seachadta EEOS

Sa roinn seo tugtar cur síos ar ár moltaí ar cén fospriocanna ba chóir ar bun, cén leibhéal coigealtais ba chóir a bheith de dhíth faoi gach ceann acu agus conas ba chóir na fospriocanna sin a dháileadh.

Féach freisin ar Thuarascáil ECA do thuilleadh eolais faoin anailís a dtagraítear di sa roinn seo.

5.1 Imfhálú

Aithníonn an Rialtas go bhfuil an Sprioc EEOS suntasach, agus go mbeidh dúshlán le baint amach na sprice seo i gcomhréir le riachtanais shonracha Airteagal 7 agus Iarscríbhinn V den the EED. Mar sin, ar an iomlán, tá sé ar intinn go mbeadh cead ag páirtithe faoi oibleagáid cinneadh cén áit a ndéanfaidh siad a gcoigealtas incháilithe a sheachadadh, a thugann an deis dóibh a gcoigealtas a bhaint amach chomh heacnamúil agus is féidir. Ach, más ábhartha agus tairbheach, ní mór d'Éirinn a chinntiú freisin go bhfuil ár bhfreagra beartais ar Airteagal 7, agus dá réir sin dearadh an EEOS, ailínithe agus ag tacú le spriocanna agus uaillmhianta foriomlána na hÉireann mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, Clár an Rialtais agus an Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide. Chun an Sprioc EEOS fhoriomlán a cheangal níos daingne leis na cuspóirí níos leithne seo, tá DECC ag moladh go ndéanfaí 'imfhálú' ar chodán den sprioc nach mór a shásamh trí choigealtas a sheachadtar in earnálacha ar leith agus i gcomhréir le riachtanais seachadta áirithe (pléitear na riachtanais seachadta atá molta go mion i Roinn 6). Tugtar "fospriocanna seachadta" ar na spriocanna earnála seo.

5.2 Fospriocanna seachadta

5.2.1 Earnálacha neamhchónaithe

I gcoitinne, tá coigealtas fuinnimh neamhchónaithe níos saoire go mór do pháirtí faoi oibleagáid le seachadadh ná coigealtas fuinnimh eile, b'fhéidir dhá nó trí oiread níos saoire ná coigealtas san earnáil chónaithe. Tarlaíonn sé seo i bpáirt mar thoradh ar an ngiaráil níos airde d'infheistíocht tomhaltóirí is féidir a bhaint amach san earnáil seo. Mar sin, gan aon imfhálú earnála, bheifí ag súil leis go ndíreodh páirtithe faoi oibleagáid formhór a n-iarrachtaí seachadta ar earnálacha neamhchónaithe, is dócha na hearnálacha tionsclaíochta agus tráchtála, chun a spriocanna a bhaint amach ar an gcostas is ísle (d'ainneoin cuid de chostas an tseachadta seo a chur ar aghaidh, b'fhéidir, ar a gcustaiméirí cónaithe freisin). Cé go bhfuil sé níos saoire le seachadadh, ní laghdaíonn sé sin tábhacht na n-iarrachtaí a

dhéanann páirtithe faoi oibleagáid san earnáil seo agus an rannpháirtíocht shubstaintiúil atá déanta ag coigealtas neamhchónaithe arna thacú ag EEOS, agus is féidir a dhéanamh don tréimhse oibleagáide 2021-30, ag cuidiú le hÉirinn a hoibleagáid Airteagal 7 a shásamh. Ina theannta sin, le beagnach trian d'ídiú fuinnimh deiridh na hÉireann in 2019 sna hearnálacha tionsclaíochta, tráchtála agus poiblí[42], tá fós acmhainn mhór coigealtais le húsáid ag páirtithe faoi oibleagáid sna hearnálacha le linn na chéad tréimhse oibleagáide eile. Dá bhrí sin, amhail EEOS 2014-2020, measann DECC, agus tá sé ar intinn aige a cheadú, go dtiocfaidh formhór an choigealtais faoin EEOS ó bhearta neamhchónaithe.

5.2.2 Earnáil chónaithe

Ag an am céanna, tá an earnáil chónaithe freagrach as beagnach ceathrú d'ídiú fuinnimh deiridh na hÉireann[43] agus tá deiseanna substaintiúla coigealtais san earnáil seo freisin, cé go bhfuil siad níos costasaí i gcomparáid. I bhfianaise na mbacanna, a bhfuil an-eolas orthu, ar infheistíocht san éifeachtúlacht fuinnimh atá san earnáil seo[44], agus an bhéim láidir ar an earnáil chónaithe i gcuspóirí beartais an Rialtais, ní mór leibhéal áirithe gníomhaíochta tríd an EEOS a dhíriú anseo. Dá ndíreofaí ar earnálacha neamhchónaithe amháin tríd an EEOS ní bheadh sé éifeachtúil ó thaobh na straitéise de dul chun cinn a dhéanamh i dtreo spriocanna aeráide níos leithne an Rialtais. Chomh maith leis sin, ós rud é go bhféadfadh custaiméirí cónaithe costas sheachadadh EEOS pháirtithe faoi oibleagáid a fhóirdheonú go pointe áirithe, is mian le DECC a chinntiú go gcuirfear cuid de thairbhí an choigealtais costais ar aghaidh go díreach chuig na custaiméirí sin. Mar sin, moltar amhail tréimhse oibleagáide 2014-2020, go dtabharfar isteach fosprioc seachadadh shonrach nach féidir a shásamh ach trí choigealtas a sheachadtar san earnáil chónaithe do EEOS 2021-2030 ('an Fosprioc Seachadta Chónaithe').

I bhfianaise an dúshláin a bhaineann le tearcrochtain fuinnimh a mhaolú, cuireann Airteagal 7 de cheangal ar na Ballstáit sciar de na bearta um éifeachtúlacht fuinnimh faoina EEOS a sheachadadh mar thosaíocht i measc teaghlach atá i mbaol, lena n-áirítear iad siúd atá thíos le tearcrochtain fuinnimh[45]. Ina theannta sin, leis an Rialachán Rialachais ón gCoimisiún Eorpach éilítear ar na Ballstáit cuspóir táscach náisiúnta a chur i bhfeidhm le tearcrochtain fuinnimh a laghdú agus tuairisciú ar thionchar a mbeartas chun a forleithne a mhaolú. Ag cur na riachtanas seo san áireamh, agus chun tacú leis na bearta beartais eile atá ar bun ag an Rialtas cheana chun dul i ngleic le tearcrochtain fuinnimh in Éirinn, tá DECC ag moladh

[42] Fuinneamh in Éirinn – tuarascáil 2020
[43] Fuinneamh in Éirinn – tuarascáil 2020
[44] Tuarascáil Sintéise SEAI_lgh1-24_aw.indd
[45] Airteagal 7, alt 11 den EED

freisin go gcaithfear codán soiléir den bhFosprioc Seachadta Chónaithe a shásamh trí bhearta a sheachadtar i dteaghlaigh bhochtfhuinnimh (‘an Fosprioc Seachadta Tearcrochtana Fuinnimh’).

Ceist 5.1: An aontaíonn tú lenár moladh go gcaithfidh codán áirithe de choigealtas fuinnimh pháirtithe faoi oibleagáid teacht ó bhearta a sheachadtar san earnáil chónaithe (an Fosprioc Seachadta Chónaithe)?

Ceist 5.2: An aontaíonn tú, as an gcoigealtas cónaithe sin, go gcaithfidh codán áirithe freisin teacht ó ghníomhaíocht i dteaghlaigh bhochtfhuinnimh (an Fosprioc Seachadta Tearcrochtana Fuinnimh)?

5.2.3 Earnáil an iompair

Earnáil suntasach eile is ea earnáil an iompair, a bhí freagrach as breis agus 40% d’ídiú fuinnimh deiridh na hÉireann in 2019. Is príomhréimse fócais í seo freisin don Rialtas le roinnt spriocanna uaillmhianacha leagtha amach Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Mar a phléitear i Roinn 4, ó tharla nach féidir úsáid fuinnimh iompair a chur as an áireamh ónár n-oibleagáid Airteagal 7, tá an earnáil níos ábhartha fós don EEOS.

Mar sin, rinneadh machnamh in anailís ECA ar chuid den sprioc a imfhálú faoi *fhosprioc seachadta iompair* **(Féach Roinn 3.3.3 de Thuarascáil ECA).** Murab ionann agus ár moladh a luaitear sa roinn roimhe maidir le *Sprioc na nDíolachán Iompar* a thabhairt isteach, atá ceaptha ina sprioc (i gcóimheas le díolacháin fuinnimh iompair) go mbeadh soláthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh iompair iomlán freagrach as a sheachadadh ach nach mbeadh iallach orthu a shásamh le coigealtas seachadta go sonrach trí bhearta iompair; ina áit sin d’éileodh fosprioc seachadta iompair imfhálaithe nach bhféadfaí codán áirithe den Sprioc EEOS a shásamh *ach amháin* le coigealtas go sonrach ó bhearta iompair. Agus machnamh á dhéanamh air seo, d’fhorbair ECA rogha deartha a chuir san áireamh fosprioc seachadta iompair 40%, i gcóimheas garbh le sciar na hearnála d’ídiú fuinnimh deiridh.

Mar achoimre, rinneadh machnamh ar líon beag de bhearta iompair mar chuid d’athbhreithniú ECA, amhail dreasachtaí d’fheithiclí leictreacha (EV), oiliúint sa tiomáint comhshaoil agus úsáid breiseán breosla. Rinneadh bearta eile, amhail aistriú córa iompair, a chur as an áireamh mar thoradh ar dhúshláin sa mheastachán agus fíorú ar a gcoigealtas, agus chun comhaireamh dúbailte le bearta malartacha a sheachaint. Maidir le fosprioc iompair 40%m is dócha go mba ghá í a bhaint amach den chuid is mó le dreasachtaí EV mar thoradh ar na faid saoil ghearra atá ar tiomaint comhshaoil agus breiseáin breosla. I bhfianaise na gcostas éiginnte agus, b’fhéidir, ard a bhaineann leis an mbeart iompair seo a sheachadadh (de bharr nach mór dreasachtaí níos airde a thairiscint don aistriú do EV),

bheifí ag súil leis go n-ardófaí costais seachadta EEOS ar an iomlán go suntasach. Ach fiú dá bhfágfaí ar leataobh an tionchar suntasach a d'fhéadfaí a bheith ar chostas ar an EEOS, a d'fhéadfaí a laghdú le fosprioc seachadta níos lú, aibhsíonn an anailís, i bhfianaise na n-éiginnteachtaí, dúshláin agus castachtaí ar leith a bhaineann le bearta iompair, i gcomhthéacs Airteagal 7, a thugann le fios go mbeadh sé míréasúnta a seachadadh a chur faoi oibleagáid go sonrach agus b'fhearr de rogha air sin go gcoinneodh páirtithe faoi oibleagáid an tsolúbthacht le conas is fearr le spriocanna san earnáil neamhchónaithe a bhaint amach.

Mar sin, seachas a éileamh go sonrach go sásófaí codán den Sprioc EEOS ag na páirtithe faoi oibleagáid go léir trí choigealtas san earnáil iompair, tá DECC sásta gur cur chuige níos oiriúnaí agus níos comhréirí chun an earnáil iompair a choinneáil cuntasach is ea a iarraidh, mar a leagtar amach i Roinn 4, go mbeidh soláthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh iompair freagrach as sciar substaintiúil agus soiléir den Sprioc EEOS a sheachadadh. I gcomhthreo leis sin, agus mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, leanfaidh an Rialtas ag obair le comhlachtaí agus saineolaithe ábhartha chun tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar dheiseanna chun dul i ngleic le hastuithe ó ídiú iompair. Mar chuid den obair seo, déanfar machnamh ar an gcaoi ina bhféadfadh tacaíocht pháirtithe faoi oibleagáid, go háirithe ó sholáthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh iompar faoi oibleagáid, cuidiú leis na deiseanna seo a dhéanamh indéanta agus conas a d'fhéadfaí coigealtas a thomhas, a fhíorú agus a mhaíomh faoi Airteagal 7. Ba chóir go gcuideodh an obair seo le méadú ar bhearta iompair ag páirtithe faoi oibleagáid faoin EEOS a chur san áireamh agus cuideoidh sé freisin le tuilleadh deiseanna do bhearta malartacha aithint.

Ceist 5.3: An aontaíonn tú lenár dtuairim gan a éileamh go sonrach go gcaithfí codán den Sprioc EEOS a shásamh ag na páirtithe faoi oibleagáid go léir trí choigealtas ó bheartais in earnáil an iompair?

5.3 Méid na bhfospriocanna seachadta

Agus machnamh á dhéanamh acu ar cén céatadán den Sprioc EEOS fhoriomlán ba chóir a bhaint amach laistigh den earnáil chónaithe, faoin bhFosprioc Seachadta Chónaithe, agus do sonrach i dteaghlaigh bhochtfhuinnimh, faoi bhFosprioc Seachadta Tearcrochtana Fuinnimh, rinne ECA forbairt agus anailís ar raon de roghanna deartha scéime. D'áirigh siad sin éagsúlachtaí i dtéarmaí na n-earnálacha imfhálaithe; méid na n-earnálacha imfhálaithe;

agus na riachtanais seachadta a bhaineann le gach earnáil imfhálaithe (a phléitear ar leith i Roinn 6)[46].

Do gach rogha de dhearadh scéime, gineadh torthaí lena thaispeáint:

- Coigealtas in aghaidh earnála (GWh)
- Fóirdheontas pháirtí faoi oibleagáid atá de dhíth (€M), ag cur san áireamh:
    - Leibhéal fóirdheontais measta a chlúdófar le bearta malartacha, amhail deontais SEAI, maoiniú ó údaráis áitiúla
    - Leibhéal ranníocaíochtaí measta de ranníocaíochtaí costais ó na húsáideoirí fuinnimh
- Costas seachadta, in aghaidh kWh sábháilte (€)
- Costas seachadta, mar chodán de díolacháin fuinnimh iomlán (€/kWh)
- Coigealtas incháilithe ar fáil (GWh)
- Cineál birt agus meascán atá de dhíth
- Líon íosta na réadmhaoine atá de dhíth

Tá torthaí iomlána na hanailíse, ag tacú leis na moltaí thíos, san áireamh i Roinn 3 de Thuarascáil ECA. Déan tagairt freisin d'larscríbhinn A3 de Thuarascáil ECA, ina bhfuil an anailís ardleibhéil costais is tairbhe de na príomhroghanna deartha, lena n-áirítear ár rogha measctha molta.

5.3.1 Fosprioc Seachadta Cónaithe

Bunaithe ar thorthaí na hanailíse seo, tá DECC ag moladh go gcaithfear *ar a laghad* 15% den Sprioc EEOS fhoriomlán a shásamh trí choigealtas seachadta san earnáil chónaithe, a chiallódh Fosprioc Seachadta Chónaithe fhoriomlán 5,464 GWh de choigealtas fuinnimh deiridh carnach. Má fhéachtar air go líneach[47], is ionann é seo agus meán de bheagán faoi bhun 100 GWh de choigealtas nua gach bliain. Measann DECC má chosnaítear an leibhéal seo de choigealtas cónaithe ón EEOS, go mbeidh an chothromaíocht cheart ann. Cinntíonn sé go mbeidh ról ceart bríomhar ag an EEOS chun cuspóirí dúshlánacha an Rialtais i dtaca le beartais chónaithe thar na deich mbliana atá romhainn a bhaint amach, agus ag an am céanna, a bheith ag súil le leibhéal coigealtais ó pháirtithe faoi oibleagáid atá comhréireach agus réalaíoch. Mar sciar 15% den Sprioc EEOS fhoriomlán, agus ag cur san áireamh an sciar de na costais birt a bhfuiltear ag súil a bheith clúdaithe ag bearta malartacha agus an custaiméir araon, samhlaítear go mbeadh tionchar costais an-teoranta ag fosprioc

[46] Socraíodh an sprioc EEOS ag thart ar 60% den Oibleagáid Airteagal 7 sna cásanna go léir.
[47] Agus ag glacadh leis go bhfuil fad saoil 10 mbliana ar a laghad ag na bearta go léir

seachadta den mhéid seo ar pháirtithe faoi oibleagáid i gcomparáid lena ndíolacháin fuinnimh iomlána, fiú nuair a chuirtear riachtanais níos airde Iarscríbhinn V agus na tograí eile ar fad[48].

Tríd an bhFosprioc Seachadta Chónaithe a shocrú ag 15% admhaítear go bhfuil riachtanais seachadta i bhfad níos uaillmhianaí á moladh don earnáil chónaithe (lena n-áirítear iad siúd i dtearcrochtain fuinnimh), a phléitear sa chéad roinn eile; tá na riachtanais seo ann lena chinntiú go bhfuil an EEOS do na deich bliana atá romhainn ailínithe níos fearr leis na huaillmhianta agus treo inár mbeartais náisiúnta um aisfheistiú cónaithe. Cé nach é príomhchuspóir an EEOS, ní mór tiomantas an Rialtais le hÉire a bhogadh amach ó aisfheisitithe éadoimhne a léiriú i mbeart tábhachtach beartais ar nós an EEOS, rud a éilíonn cur chuige i bhfad níos doimhne, agus is dócha costas-éifeachtach, i dtaca le haisfheistiú don scéim.

In éineacht leis na riachtanais seachadta mholta seo, samhlaítear go seachadfaidh sprioc 15% thart ar 1,000 GWh de choigealtas nua faoi 2030, agus, cé nach féidir é a chur i gcomparáid go díreach leis an CAP (ós rud é go mbaineann spriocanna EEOS le coigealtas i bhfuinneamh, seachas in astú CO_2), is dócha go gcuirfidh siad thart ar 20% le príomhspriocanna cónaithe na hÉireann. Is ionann é seo agus ranníocaíocht shuntasach, agus nuair a chuirtear iad le chéile leis na tairbhí margaidh eile a dtabharfaidh páirtithe faoi oibleagáid, meastar, i dtéarmaí acmhainne, ilchineálachta agus spreagtha, measann DECC gur sprioc í atá uaillmhianach a dhóthain ach cóir.

Ceist 5.4: An aontaíonn tú lenár moladh go gcaithfear <u>ar a laghad</u> 15% de na coigealtas EEOS go léir, ionann agus 5,464 GWh de choigealtas fuinnimh deiridh carnach, a sheachadadh san earnáil chónaithe?

5.3.2 Fosprioc Seachadta Bochtanais Fuinnimh

As an gcoigealtas cónaithe thuas, moltar go gcaithfear <u>ar a laghad</u> trian, 1,821 GWh de choigealtas fuinnimh deiridh carnach (meán bliantúil thart ar 33 GWh de choigealtas fuinnimh deiridh nua), a bhaint amach trí bhearta a sheachadtar i dteaghlaigh bhochtfhuinnimh. Is ionann é seo agus 5% den choigealtas ar fad atá de dhíth faoin EEOS, codán cosúil de choigealtas lena raibh de dhíth faoi EEOS 2014-20. Tá an Rialtas tiomanta de chinntiú go leanann an EEOS de bhearta a sheachadadh dóibh siúd is mó atá i mbaol tearcrochtana fuinnimh, ar nós na tréimhse oibleagáide roimhe. I bhfianaise na riachtanas méadaithe ón Eoraip, agus tosaíochtaí tearcrochtana fuinnimh na hÉireann féin, sna

[48] Mar a léirítear i dTábla 29 i Roinn 3.3.4 de Thuarascáil ECA

roghanna go léir do dhearadh scéime coinníodh an sprioc imfhálaithe i dtaca le tearcrochtain fuinnimh seasta ag 5% den choigealtas foriomlán, lena chinntiú gur cosnaíodh ar a laghad an leibhéal seo de choigealtas.

Tá DECC eolach gur féidir cotsa-éifeachtacht níos ísle a bheith ann le seachadadh do theaghlaigh bhochtfhuinnimh do pháirtithe faoi oibleagáid seachas roghanna seachadta eile[49], fiú nuair a chuirtear san áireamh an cómhaoiniú substaintiúil ar bhearta a chuirtear ar fáil trí bhearta malartacha (ó údaráis áitiúla, comhlachtaí tithíochta poiblí agus deontais SEAI). Tuigtear freisin go meastar go n-ardóidh an costas do pháirtithe faoi oibleagáid as an seachadadh seo a thuilleadh nuair a chuirtear san áireamh na riachtanais seachadta nua atá á moladh don EEOS (a phléitear i Roinn 6). Ach mar a léiríonn anailís ECA, le sciar beag na Fosprice Seachadta Tearcrochtana Fuinnimh atá molta i gcomparáid leis an Sprioc EEOS ina hiomláine, déantar deimhin de go mbeidh a dhóthain deiseanna coigealtais ar fáil agus, cé go bhfuil an tionchar costais foriomlán do pháirtithe faoi oibleagáid suntasach, tá sé maothaithe go maith.

Ceist 5.5: An aontaíonn tú gur chóir <u>ar a laghad</u> 5% den Sprioc EEOS (trian den bhFosprioc Seachadta Chónaithe), ionann agus 1,821 GWh de choigealtas fuinnimh deiridh carnach, nach mór a bhaint amach trí bhearta seachadta i dteaghlaigh bhochtfhuinnimh?

5.4 Dáileadh na bhfospriocanna seachadta

Sa roinn seo leagadh amach á moltaí i dtaca le seachadadh fospriocanna don EEOS 2021-30, ina mbeadh Fosprioc Seachadta Chónaithe socraithe ag coibhéis 15% den choigealtas iomlán EEOS, agus laistigh de seo, Fosprioc Seachadta Tearcrochtana Fuinnimh socraithe ag coibhéis 5% den choigealtas EEOS iomlán (trian den bhFosprioc Seachadta Chónaithe). Anseo, tugtar cur síos ar an gcur chuige molta maidir leis an gcaoi ina ndéanfaí na fospriocanna seachadta sin a dháileadh i measc na bpáirtithe faoi oibleagáid.

Chun an coigealtas cónaithe atá de dhíth a bhaint amach ar an mbealach is oiriúnaí, agus ag cur san áireamh an difear idir iompar agus neamh-iompar i ndáileadh na Sprice EEOS ar an iomlán (molta i Roinn 4), moltar go socrófar 25% den Sprioc na nDíolachán Neamh-Iompair san Fhosprioc Seachadta Chónaithe. Ag 25% de sprioc 60%[50], bheadh sé seo

[49]D'ainneoin seo, dn EEOS 2014-20, is dócha go seachadóidh páirtithe faoi oibleagáid breis agus 120% dá sprioc Bochtanais Fuinnimh fhoriomlán

[50] Mar atá molta i Roinn 4, bheadh an Sprioc EEOS imdhealaithe, le sprioc 40% dáilte ar na soláthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh iompair go léir (an Sprioc Díolacháin Iompair), agus sprioc 60% dáilte ar na soláthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh neamh-iompair go léir (an Sprioc Díolacháin Neamh-Iompair).

ionann agus an t-iomlán 15% de choigealtas EEOS (coigealtas carnach 5,464 GWh) atá de dhíth faoin Fosprioc Seachadta Chónaithe. Ciallaíonn sé sin go gcaithfear 25% den Sprioc na nDíolachán Neamh-Iompair ag gach páirtí faoi oibleagáid a shásamh trí choigealtas seachadta san earnáil chónaithe, le trian den choigealtas cónaithe (coigealtas carnach 1,821 GWh) le seachadta i dtithe bochtfhuinnimh (an Fhosprioc Seachadta Tearcrochtana Fuinnimh). I dTábla 3 thíos tugtar achoimre ar na spriocanna éagsúla, i gcomparáid lena chéile agus leis an Sprioc EEOS ina hiomláine. Chun tacú lenár moladh, agus cuidiú le tuiscint na bhfreagróirí, tugtar trí shampla oibrithe freisin in Aguisín 3.

Chomh maith leis sin, d'fhonn a chinntiú nach seachadtar níos lú ná 15% den Sprioc EEOS earnáil chónaithe, tá DECC ag moladh go socrófar fospriocanna mar sciar seasta de Sprioc na nDíolachán Neamh-Iompair ag gach páirtí faoi oibleagáid. Ciallaíonn sé sin, maidir le haon pháirtí faoi oibleagáid a bhfuil Sprioc na nDíolachán Neamh-Iompair acu, beag beann ar a sciar féin den mhargadh cónaithe/neamhchónaithe (i.e. cén chéatadán dá ndíolacháin fhoriomlána atá le custaiméirí neamhchónaithe nó le custaiméirí cónaithe), beidh orthu an céatadán céanna de choigealtas a sheachadadh san earnáil chónaithe – 25% dá Sprioc na nDíolachán Neamh-Iompair. Mar thoradh ar an gcur chuige seo dáiltear costais ar pháirtithe faoi oibleagáid atá i gcomhréir lena GWh de dhíolacháin iomlán d'fhuinneamh neamh-iompair, beag beann ar cén áit as a dtagann na díolacháin sin. Cé go dtugann an cur chuige seo athrú isteach ón EEOS 2014-20, meastar gurb é an cur chuige is fearr chun ár gcuspóir beartaithe a bhaint amach (coigealtas cónaithe ar a laghad 5,464 GWh de choigealtas fuinnimh deiridh carnach). Meastar freisin gurb é is cothromaí thar na páirtithe go léir faoi oibleagáid, i dtéarmaí costais seachadta, go háirithe nuair a chuirtear san áireamh na meicníochtaí solúbthachta éagsúla a bheadh ar fáil do pháirtithe faoi oibleagáid, lena n-áirítear an tsolúbthacht lena spriocanna go léir nó cuid acu a sheachadadh trí sholáthraithe tríú páirtí le saintaithí (féach Roinn 7 do shonraí iomlána faoi mheicníochtaí solúbthachta).

Tábla 3: Fospriocanna Seachadta molta, i gcomparáid le Spriocanna Díolacháin agus Sprioc EEOS ina hiomláine

Sprioc	% de Sprioc EEOS	% de Spriocanna Díolacháin	% de Fospriocanna Seachadta	Coigealtas fuinnimh deiridh carnach
Sprioc EEOS	**100%**			**36,424 GWh**
Sprioc na nDíolachán Iompar	**40%**	**100%**		**14,570 GWh**
Seachadadh in earnáil ar bith	40%	100%		14,570 GWh
Sprioc na nDíolachán Neamh-Iompair	**60%**	**100%**		**21,854 GWh**
Seachadadh in earnáil ar bith	45%	75%		16,390 GWh
Seachadadh san earnáil chónaithe amháin	15%	25%	100%	5,464 GWh
Seachadadh cónaithe - bochtfhuinnimh amháin	*5%*	*8.25%*	*33%*	*1,821 GWh*
Seachadadh cónaithe – ceann ar bith	*10%*	*16.75%*	*67%*	*3,643 GWh*

Ceist 5.6: Ag cur san áireamh na samplaí oibrithe a thugtar in Aguisín 3, an aontaíonn tú lenár gcur chuige molta maidir le conas a dháiltear na fospriocanna seachadta ar pháirtithe faoi oibleagáid?

6 Riachtanais Seachadta

Sa roinn seo leagtar amach moltaí DECC i dtaca le riachtanais seachadta áirithe atá le sásamh faoin bhFosprioc Seachadta Chónaithe agus an Fhosprioc Seachadta Tearcrochtana Fuinnimh, d'fhonn a chinntiú go bhfuil an EEOS ailínithe níos fearr lenár gcuspóirí náisiúnta aisfheistithe agus gur féidir leis gach riachtanas Eorpach ábhartha a shásamh.

Féach freisin ar Thuarascáil ECA do thuilleadh eolais faoin anailís a dtagraítear di sa roinn seo.

BOSCA 1 - <u>Nóta:</u>

I bhfianaise an nádúir theicniúil agus an-sonrach atá ag cuid de riachtanais EED, go háirithe i dtaca le Iarscríbhinn V, eagrófar sraith de cheardlanna comhairliúcháin dhírithe, a dtabharfar cuireadh do pháirtithe faoi oibleagáid, agus aon pháirtithe leasmhara cláraithe, páirt a ghlacadh iontu. Meastar go mbeidh na seisiúin comhairliúcháin seo ann le linn ráithe 2 de 2021 (nuair a bheidh cinntí beartais ar na míreanna atá san áireamh sa doiciméad comhairliúcháin seo curtha i gcrích agus curtha in iúl). I bhfianaise ábharthacht na riachtanas seo do chur i bhfeidhm na scéime, beidh na seisiúin seo á n-óstáil ag an riarthóir EEOS, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Beidh DECC i láthair freisin ag na ceardlanna teicniúla sin go léir.

Tá sé ar intinn freisin ag DECC agus SEAI ceardlanna fócasaithe mar sin a eagrú le páirtithe ábhartha mar leanúint ar chur i bhfeidhm na riachtanas seachadta ardleibhéil atá á moladh sa Roinn seo, Roinn 6, agus aon mhíreanna atá níos oiriúnaí don chineál seo comhairliúcháin. Beidh an caidreamh seo ann freisin le linn Ráithe 2 2021.

Bainfear úsáid as na torthaí ó na ceardlanna seo mar bhonn leis an gcur chuige i leith riaradh na scéime ó Eanáir 2022.

6.1 Seachadadh cónaitheach

Don earnáil chónaithe, baineadh úsáid as an EEOS 2014-20 den chuid is mó chun bearta aonair éifeachtúlachta fuinnimh ar chostas réasúnta íseal a sheachadadh. Bíodh sin mar atá, bhí rannpháirtíocht an choigealtais ó na bearta seo substaintiúil. Le cuspóirí agus tosaíochtaí aisfheistithe atá ag athrú, áfach, ar leibhéil náisiúnta agus AE, ní mór don cur chuige i dtaca le seachadadh cónaitheach á thacú ag an EEOS an rud céanna a dhéanamh. Is é an príomhchuspóir do pháirtithe faoi oibleagáid a spriocanna EEOS a shásamh chomh costas-éifeachtach agus is féidir leo, trí choigealtas atá incháilithe do Airteagal 7 a sheachadadh. Ach is colún tábhachtach é beartas éifeachtúlachta fuinnimh den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP), agus mar sin ní mór do fhreagra beartais na

hÉireann do Airteagal 7, lena n-áirítear an EEOS, ailíniú agus tacú le cuspóirí agus gníomhartha CAP. Le hailíniú beartais níos fearr, bíonn tairbhe ann freisin do pháirtithe faoi oibleagáid, toisc go dtabharfaidh EEOS atá deartha le bheith chomh sineirgeach agus is féidir le beartais náisiúnta eile níos mó tacaí agus dreasachtaí do pháirtithe faoi oibleagáid giaráil chun a spriocanna a sheachadadh.

Maidir le hAirteagal 7 agus an EEOS tá tábhacht ar leith le príomhchuspóirí beartais cónaithe an Rialtais do 2030: díriú ar aisfheistithe doimhne agus 500,000 teaghlach a uasghrádú go leibhéal BER a B2; agus deireadh a chur le córais téimh breosla iontaise de réir a chéile agus 400,000 teaschaidéil aisfheistithe a shuiteáil[51]. Tosaíocht is ea seachadadh cónaithe faoi EEOS 2021-30 a ailíniú leis na cuspóirí sin, agus ceann a éileoidh gluaiseacht amach ó bhearta aonair éadoimhne agus coirí breosla iontaise, i dtreo seachadta níos doimhne agus córais téimh leictreachais.

Agus machnamh á dhéanamh ar cén riachtanais ba chóir a thabhairt isteach chun seachadadh EEOS a chur sa treo sin, rinne ECA samhaltú agus comparáid idir roinnt roghanna do dhearadh scéime, ailínithe leis na cuspóirí CAP thuasluaite. Agus comparáid á dhéanamh idir na cásanna go léir, rinneadh machnamh cúramach ar na deiseanna coigealtais féideartha atá ar fáil; costas agus castacht an fhorfheidhmithe; agus an tionchar féideartha ar thomhaltóirí fuinnimh. **Féach ar Roinn 3 de Thuarascáil ECA (go háirithe Roinn 3.3.1) do na sonraí iomlána agus torthaí ar an anailís seo.** Léiríonn an anailís seo, faoi na 'cásanna conaire'[52], na cásanna is mó atá ailínithe leis an CAP, go bhfuil a dhóthain deiseanna ar fáil do pháirtithe faoi oibleagáid an coigealtas incháilithe do Airteagal 7 a fháil lena bhFospriocanna Seachadta Chónaithe (seachas an Fosprioc Seachadta Tearcrochtana Fuinnimh, a gcaitear leis as féin thíos) a shásamh, agus freisin ag ailíniú a seachadta leis na cuspóirí CAP. Cé go mbeadh gá le hathrú suntasach go maith sa chur chuige seachadta agus uaillmhian, léiríodh go raibh a dhóthain scóipe ar fáil le cur ar chumas pháirtithe faoi oibleagáid a gcur chuige seachadta ar leith féin a roghnú. Chomh maith leis sin, agus léirithe ag an anailís freisin, fiú leis na riachtanais seachadta nua atá ailínithe le CAP, má leagtar an riachtanas seo ar pháirtithe faoi oibleagáid ba chóir nach mbeadh ach tionchar costais an-teoranta orthu i gcomparáid lena ndíolacháin fuinnimh iomlána.

Agus a bhfuil thuas á chur san áireamh, aithnítear i bhfianaise an scála d'athrú dá leithéid don EEOS, bheadh dúshlán an-suntasach ann dá ndéanfaí léim láithreach chuig iarraidh go ndéanfaí na réadmhaoine uile a uasghrádú go leibhéil BER B2 le pacáistí de bhearta lena n-

[51] https://www.gov.ie/en/publication/ccb2e0-the-aeráid-action-plan-2019/
[52] Léiritear na cásanna seo i bhFigiúr 10 i Roinn 3.3.1 de Thuarascáil ECA

áirítear teaschaidéil. Mar sin, d'fhonn a chinntiú nach gcuirtear baint amach oibleagáid Airteagal 7 na hÉireann i mbaol ar bhealach ar bith, agus ag an am céanna a chinntiú nach mbíonn tionchar diúltach ag an EEOS ar aidhmeanna CAP, tá DECC ag moladh go gcaithfí gach réadmhaoin, mura mbaineann siad leibhéal BER B2 amach, a chur ar a laghad ar 'chonair B2'. Ciallaíonn sé sin go ndéanfadh na bearta a dtacaítear leo, mura dtógfaidís an réadmhaoin go B2, ar a laghad go mbogfaidís an réadmhaoin níos cóngaraí do ráta B2 a bhaint amach sa todhchaí agus go mbeidís mar chuid de phlean níos fadtéarma chun acmhainn éifeachtúlachta fuinnimh na réadmhaoine sin a uasmhéadú. Mar achoimre, moltar é seo a leanas:

Beidh coigealtas ó bhearta incháilithe faoin bhFosprioc Seachadta Chónaithe (seachas an Fhosprioc Seachadta Tearcrochtana Fuinnimh) más rud é:

1. **go sroicheann an BER i ndiaidh oibreacha rátáil fuinnimh B2 nó níos fearr (i.e. < 100 kWh /m2/yr),**

NÓ

2. **go gcuirtear an réadmhaoin ar 'chonair B2', a chiallaíonn gur bhog na bearta éifeachtúlachta fuinnimh a seachadadh an réadmhaoin níos cóngaraí go ráta fuinnimh B2 a bhaint amach AGUS gur rinneadh plean teicniúil gnóthachtála B2 / tuarascáil comhairle a fhorbairt agus a sholáthar don réadmhaoin i ndiaidh oibreacha.**

Dar le DECC sroicheann an moladh ardleibhéil an chothromaíocht cheart idir an EEOS a ailíniú le cuspóirí agus spriocanna CAP, agus tacú le haistriú níos réidhe ar riosca níos ísle do pháirtithe faoi oibleagáid agus an margadh chuig seachadadh domhain aisfheistithe iomlán. Cé go bhfuil siad ag féachaint le leibhéal réasúnta solúbthachta, tá sé ar intinn an DECC EEOS a dhearadh atá chomh héifeachtach agus leis an méid tionchair agus is féidir, agus a dhreasaíonn seachadadh cónaithe atá uaillmhianach agus is dlúithe atá ailínithe leis an CAP. Mar sin, chun treoir níos agus bonn níos fearr a thabhairt dár gcinntí beartais, nuair atá do thuairimí agus aiseolas á thabhairt agat do **Cheist 6.1** thíos, iarrtar ar fhreagróirí machnamh a dhéanamh, i dtaca leis na riachtanais mholta thuasluaite, cé acu an dtacóidís leo seo a leanas:

- riachtanais íosta a thabhairt isteach le leibhéal áirithe coigealtais in aghaidh na réadmhaoine a dhearbhú;
- cineál éigin de dhreasacht/dídhreasacht scórála breise a thabhairt isteach chun seachadadh aisfheistithe níos uaillmhianaí agus níos doimhne a spreagadh;
- laghdú ar sholúbthacht na riachtanas thar am le fócas a chaolú ar sheachadadh B2, agus/nó

- dícheadú sonrach a dhéanamh ar chórais ard-éifeachtúlachta breosla iontaise a shuiteáil i gcúinsí ar bith.

Mar a nótáladh i mBosca 1 thuas, tá sé ar intinn ag DECC agus SEAI ceardlanna dhírithe a eagrú le páirtithe ábhartha mar leanúint ar chur i bhfeidhm na riachtanas seachadta ardleibhéil a mholtar thuas (sa bhosca liath). Beidh an caidreamh sin ann le linn Ráithe 2 2021, nuair a bheidh cinntí beartais ar na míreanna atá san áireamh sa doiciméad comhairliúcháin seo curtha i gcrích agus curtha in iúl.

Ceist 6.1: An aontaíonn tú lenár riachtanais atá molta do sheachadadh faoi bhFosprioc Seachadta Chónaithe (seachas an Fhosprioc Seachadta Tearcrochtana Fuinnimh)?

Más rud é nach n-aontaíonn tú le gnéithe ar bith den mholadh thuas, bí chomh sonrach agus is féidir i do fhreagra, lena n-áirítear aon mholtaí is mian leat a dhéanamh, ag cur san áireamh intinn beartais i gcoitinne agus na pointí breise atá curtha san áireamh thuas le machnamh a dhéanamh orthu.

6.2 Seachadadh bochtanais fuinnimh

Ag tógáil ar na hoibleagáidí atá ar bun don tréimhse 2014-20, éilíonn an EED ar Éirinn a chur san áireamh an gá le tearcrochtain fuinnimh a mhaolú sna bearta beartais a úsáideann sé an oibleagáid Airteagal 7 a bhaintear amach, lena n-áirítear EEOS. I gcomhréir leis an riachtanas seo, measann DECC, mar a leagtar amach i Roinn 5, go bhfuil sé iomchuí a éileamh go seachadtar ar a laghad 5% den choigealtas EEOS go léir trí theaghlaigh bhochtfhuinnimh. Le riachtanais Airteagal 7(11) a láidriú, agus léiriú ar an leibhéal ardaithe de thosaíocht is mian leis an gCoimisiún AE a chur ar thearcrochtain fuinnimh, don tréimhse oibleagáide éilíonn an Rialachán Rialachais freisin go gcuirfidh Éire cuspóir táscach náisiúnta i bhfeidhm le líon na dteaghlach i dtearcrochtain fuinnimh a laghdú, agus tuairisciú ar dhul chun cinn sonrach i gcoinne an chuspóra.

Mar sin, agus a critéir á mbunú atá de dhíth faoi Airteagal 7(11), ní mór do DECC a chur san áireamh ní hamháin cuidiú le tearcrochtain fuinnimh a mhaolú, ach le fírinne tearcrochtain fuinnimh a *laghdú*. Chun é seo a dhéanamh, ní mór do na critéir a bhunaítear cuntas níos mó a ghlacadh den chaoi ina ndéantar díriú, déileáil agus tomhas ar thearcrochtain fuinnimh. Ag an am céanna, tá an Rialtas ag cur feabhais ar a chláir reatha um tearcrochtain fuinnimh, i gcomhréir le Gníomh 173 den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, i dtéarmaí conas a dhíríonn siad freisin orthu siúd is mó atá i ngátar, leibhéal na hidirghabhála a thairgeann siad, agus scóip a seachadta.

Cé nach bhfuil aon sainmhíniú caighdeánach ar fud an AE don tearcrochtain fuinnimh, admhaítear go forleathan gur feidhm í de trí thosca: ioncam an teaghlaigh, feidhmíocht fuinnimh/riocht theirmeach an teaghlaigh agus praghsanna fuinnimh[53]. Faoin EEOS 2014-20, níor cuireadh san áireamh ach an tosca ioncaim d'incháilitheacht[54]. Cé go mbeidh ioncam íseal ann féin imleor le bheith ina chúis le tearcrochtain fuinnimh, is cinnte go gcuirfí leis an riosca dá mbeadh dhá cheann nó níos mó de na tosca atá ina gcúis le tearcrochtain fuinnimh. Mar sin, má dhírítear orthu siúd ní hamháin atá ag fáil íocaíochtaí leasa, ach atá freisin ina gcónaí sna tithe is neamhéifeachtaí agus is deacra le téamh, is mó an dóchúlacht go bhfuil na daoine atá ag fáil idirghabhálacha i dtearcrochtain fuinnimh. Mar an gcéanna, trí chaighdeán an teaghais a ardú chuig leibhéal BER níos fearr, agus ar an gcaoi sin ceann de na príomhthosca a bhaint, ardófar go mór an dóchúlacht go mbeidh na háititheoirí amach as tearcrochtain fuinnimh.

Ag cur na pointí thuas san áireamh, measann DECC go gcaithfear riachtanais seachadta cónaithe níos doichte a chur ar bun chun coigealtas a bhaint amach faoi bhFosprioc Seachadta Tearcrochtana Fuinnimh[55], le hailíniú níos fearr a dhearbhú leis na riachtanais Eorpacha neartaithe a chuireann iallach ar Éirinn tearcrochtain fuinnimh a laghdú. Mar sin, moltar nach mbeadh bearta incháilithe le coigealtas a bhaint amach faoin bhfosprioc seo ach amháin nuair a seachadadh iad i 'dteaghas bochtfhuinnimh incháilithe' agus gur baineadh amach BER de B2 nó níos fearr dá bharr. Chun críche an EEOS, moltar gur 'teaghas bochtfhuinnimh incháilithe' é réadmhaoin a bhfuil BER réamhoibreacha E1 nó níos measa air agus, amhail an EEOS 2014-20, go bhfuil duine ina c(h)ónaí ann a bhfuil íocaíocht leasa incháilithe ar Thithe Níos Teo, amhail an Liúntas Breosla[56].

Beidh coigealtas ó bhearta incháilithe faoin bhFosprioc Seachadta Tearcrochtana Fuinnimh más rud é:

1. **gur seachadadh na bearta i 'dteaghas bochtfhuinnimh incháilithe,**

is é sin réadmhaoin:

a. le BER réamhoibreacha le ráta E1 nó níos neasa (i.e. > 300 kWh /m^2/yr); agus

b. a bhfuil duine ina c(h)ónaí ann a bhfuil íocaíocht leasa incháilithe ar

[53] Straitéis chun Tearcrochtain Fuinnimh a Chomhrac 2016-2019
[54] Ag éileamh go mbeadh íocaíochtaí áirithe leasa á fháil ag áititheoirí, i gcomhréir leis an Scéim Tithe Níos Teo
[55] Sa bhreis ar aon chritéir curtha i bhfeidhm d'fhonn riachtanais an EED a shásamh
[56] Mar atá liostaithe ar s listed on leathanach gréasáin Scéim Tithe Níos Teo de chuid SEAI

Thithe Níos Teo á fháil acu

AGUS

2. **go sroicheann an BER iar-oibreacha rátáil B2 nó níos fearr (i.e. < 100 kWh /m2/yr).**

Cé go bhfuil na riachtanais seachadta a mholtar thuas dúshlánach, meastar fós go mbeidh a dhóthain deiseanna coigealtais ar fáil chun fosprioc a shásamh cothrom le 5% den choigealtas EEOS uile (mar a thaispeántar san anailís ECA agus mar a nótáladh sa roinn roimhe seo). Chomh maith leis sin, déanfar an costas méadaithe foriomlán chun na bearta uaillmhianacha seo a sheachadadh a fhóirdheonú go trom (cómhaoiniú) le tacaí Rialtais mar chuid dá chlár náisiúnta aisfheistithe forásach sóisialta, a bhfuil béim ar leith aige ar thionóntachtaí sóisialta agus ar ioncam íseal. Tá leithdháiltí maoinithe geallta cheana, le €3.7 billiún leithdháilte faoi Togra Éireann, agus €5 billiún leithdháilte ó ioncaim ó cháin carbóin.

Mar a nótáladh i mBosca 1 thuas, tá sé ar intinn ag DECC agus SEAI ceardlanna dhírithe a eagrú le páirtithe ábhartha mar leanúint ar chur i bhfeidhm na riachtanas seachadta ardleibhéil a mholtar thuas (sa bhosca liath). Beidh an caidreamh sin ann le linn Ráithe 2 2021, nuair a bheidh cinntí beartais ar na míreanna atá san áireamh sa doiciméad comhairliúcháin seo curtha i gcrích agus curtha in iúl.

Ceist 6.2: An aontaíonn tú lenár riachtanais atá molta do sheachadadh faoin bhFosprioc Seachadta Tearcrochtana Fuinnimh?

Más rud é nach n-aontaíonn tú le gnéithe ar bith den mholadh thuas, bí chomh sonrach agus is féidir i do fhreagra, lena n-áirítear aon mholtaí is mian leat a dhéanamh, ag cur san áireamh intinn beartais i gcoitinne.

6.3 Seachadadh d'fhuílleach na sprice

Is féidir fuílleach na sprice, a mholann DECC is ionann agus 85% den choigealtas go léir atá de dhíth faoin EEOS, a shásamh trí choigealtas fuinnimh úsáide deiridh deiridh a sheachadtar in earnáil ar bith. Níl DECC ag moladh go mbeadh aon riachtanais bhreise i

dtaca le seachadadh an choigealtais sin, seachas iad siúd a bhaineann leis an gcoigealtas go léir i sásamh riachtanais an EED, lena n-áirítear Iarscríbhinn V (*féach Bosca 1 ag tús na roinne seo*).

Má thagraítear don chodán seo den sprioc mar ‘Sprioc Neamhchónaithe’ déantar talamh slán maidir leis na straitéisí seachadta a úsáidfidh páirtithe faoi oibleagáid chun a Spriocanna EEOS a shásamh, rud ba chóir a sheachaint. Cé go gcuireann an costas níos ísle de choigealtas (ar pháirtithe faoi oibleagáid) a fhaightear in earnálacha neamhchónaitheach, go háirithe earnálacha na tionsclaíochta agus na tráchtála, méadú ar an dóchúlacht go roghnóidh páirtithe faoi oibleagáid le tromlach a gcoigealtas a sheachadadh sna hearnálacha sin, glacfar go cothrom agus fáilte roimh choigealtas incháilithe ó bhearta in earnáil an iompair, san earnáil phoiblí agus san earnáil chónaithe (de bhreis ar na cinn atá de dhíth chun fospriocanna seachadadh a shásamh). Mar sin is iomchuí tagairt don chuid seo den sprioc mar ‘an Sprioc Trasearnála’.

Is féidir freisin, leis an Sprioc Trasearnála níos mó go suntasach ná mar a bhí, ag 85%, agus bearta áirithe neamhchónaithe gan a bheith chomh mealltach nó gan a bheith incháilithe a thuilleadh faoi Airteagal 7, b’fhéidir go mbeidh sé riachtanach do roinnt páirtithe faoi oibleagáid a Spriocanna Trasearnála a sheachadadh thar raon níos leithne d’earnálacha ná mar a chonacthas i gcoitinne faoin EEOS 2014-20. Mar atá léirithe ag anailís ECA, ag 85% den Sprioc EEOS, féadfaidh an costas ar sheachadadh neamhchónaithe ardú roinnt má éiríonn an margadh do bhearta níos saoire ídithe, a éileoidh go dtiocfaidh bearta níos costasaí amhail dreasachtaí do cheannach EV nó tuilleadh seachadta cónaithe san ionad ar aon easnamh a iarraidh sa choigealtas ar fáil i bhfoirgnimh nó próisis tráchtála. Tá tuilleadh sonraí agus torthaí na hanailíse seo, lena n-áirítear cuair costais shamhaltaithe do na earnálacha go léir, **ar fáil i Roinn 3.3.3 de Thuarascáil ECA.**

7 Nádúr na Spriocanna agus an Chomhlíonta

Sa roinn seo leagtar amach ár moladh maidir le nádúr na spriocanna atá le cur ar bun don tréimhse oibleagáide 2021-30 agus mar a mholann DECC tacú le comhlíonadh agus bainistiú a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh féideartha ag páirtithe faoi oibleagáid.

7.1 Nádúr na spriocanna

Mar a leagtar amach i Roinn 4, is é 60,707 GWh oibleagáid coigealtais fuinnimh deiridh carnach na hÉireann faoi Airteagal 7 don tréimhse 2021-2030. Rinneadh é seo a ríomh bunaithe ar mheánchoigealtas nua bliantúil 1,104Wh sa tréimhse oibleagáide deich mbliana. Le Tábla 4 thíos léirítear an chaoi ina mbaineann an figiúr carnach (60,707 GWh) leis an bhfigiúr do choigealtas nua bliantúil (1,104 GWh).

Tábla 4: Oibleagáid Airteagal 7 na hÉireann

Bliain a Cuireadh i bhFeidhm											Suim
2021(x10)	**1,104**	1,104	1,104	1,104	1,104	1,104	1,104	1,104	1,104	1,104	11,030
2022 (x9)		**1,104**	1,104	1,104	1,104	1,104	1,104	1,104	1,104	1,104	9,927
2023 (x8)			**1,104**	1,104	1,104	1,104	1,104	1,104	1,104	1,104	8,824
2024 (x7)				**1,104**	1,104	1,104	1,104	1,104	1,104	1,104	7,721
2025 (x6)					**1,104**	1,104	1,104	1,104	1,104	1,104	6,618
2026 (x5)						**1,104**	1,104	1,104	1,104	1,104	5,515
2027 (x4)							**1,104**	1,104	1,104	1,104	4,412
2028 (x3)								**1,104**	1,104	1,104	3,309
2029 (x2)									**1,104**	1,104	2,206
2030 (x1)										**1,104**	1,104
Carnach											**60,707***

*Is é 60,707 GWh an figiúr carnach a bhaineann le coigealtas bliantúil 1,103.636 GWh, atá slánaithe go 1,104 GWh

Chomh fada agus a bhaintear amach an coigealtas iomlán carnach riachtanach faoi dheireadh na tréimhse oibleagáide (31 Nollaig 2030), is féidir le hÉireann cinneadh conas an coigealtas nua riachtanach a dhéanamh de réir a chéile thar na deich mbliana.

Mar thoradh ar nádúr carnach na sprice, tá tairbhe go háirithe le gníomh luath, mar shampla cuireann beart[57] a chuirtear i bhfeidhm in 2023 i bhfad níos mó de choigealtas fuinnimh

[57] Le fad saoil 10 mbliana

carnach (coigealtas nua x 8) ná an beart céanna a chuirtear i bhfeidhm in 2027 (coigealtas nua x 4). Ar an gcaoi chéanna, má dhéantar dul chun cinn mall le seachadadh coigealtais sna blianta luatha is féidir go bhfágfar neart le déanamh sna blianta deiridh, rud a éilíonn níos mó d'iarracht agus infheistíocht ag na Ballstáit. Mar sin, ní mór machnamh cúramach a dhéanamh ní hamháin ar mheastachán ar cén leibhéal de choigealtas atá incháilithe do Airteagal 7 is féidir a sheachadadh go réalaíoch trínár mbearta malartacha agus ár EEOS, go neamhspleách nó i meascán, ach freisin cathain is féidir agus ba chóir an coigealtas sin a sheachadadh. I bhfianaise méid na hoibleagáide, ní mór do DECC a chinntiú go bhfuil ar a laghad leibhéal íosta de choigealtas á sheachadadh go comhsheasmhach gach bliain sa chaoi is nach mbeifear ag brath an-iomarca ar sheachadadh sna blianta níos déanaí sa tréimhse oibleagáide, rud a bheadh ina riosca suntasach de neamhchomhlíonadh d'Éirinn, ach freisin do pháirtithe faoi oibleagáid.

Ag teacht leis an gcur chuige seo, moltar go gcuirfear 'spriocanna breiseánacha bliantúla' ar bun don EEOS do na deich mbliana den tréimhse oibleagáide. Le 'spriocanna breiseánacha bliantúla', ciallaíonn sé spriocanna nua do choigealtas fuinnimh deiridh nach mór a shásamh gach bliain, ach a fhásann de réir mar a théann an tréimhse oibleagáide chun cinn. Le Tábla 5 thíos léirítear an chaoi ina n-oibríonn sprioc bhreiseánach bhliantúil nuair a bhíonn 100 GWh de choigealtas nua de dhíth gach bliain den tréimhse oibleagáide 10 mbliana. Mar shampla, bunaithe ar a bhfuil thíos, is í an sprioc bhreiseánach bhliantúil do 2026 600 GWh de choigealtas fuinnimh deiridh nua; rud a chiallaíonn, faoi dheireadh na bliana, go mbeadh ar pháirtí faoi oibleagáid ar a laghad 600 GWh de choigealtas fuinnimh deiridh nua a bheith seachadta acu d'fhonn a bheith comhlíontach.

Tábla 5: Spriocanna breiseánacha bliantúla, bunaithe ar riachtanas 100 GWh de choigealtas nua bliantúil *

Sprioc in aghaidh Bliana	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030
2021	**100**									
2022		**200**								
2023			**300**							
2024				**400**						
2025					**500**					
2026						**600**				
2027							**700**			
2028								**800**		
2029									**900**	
2030										**1,000**

*Tá na figiúirí a áirítear sa tábla seo ann do chúiseanna léirithe amháin.

Tá cur i bhfeidhm na spriocanna breiseánacha bliantúla ceaptha le riosca a laghdú do pháirtithe faoi oibleagáid agus cinnteacht níos mó a sholáthar i dtaca le leibhéal an tseachadta atá de dhíth thar an tréimhse oibleagáide. Cé nach gcúitítear gníomhaíocht luath ar an mbealach céanna faoi spriocanna breiseánacha bliantúla agus a bheadh faoi sprioc charnach, níl srian uirthi ach an oiread. Mar a bhí do EEOS 2014-20, tá sé ceaptha go mbeidh páirtithe faoi oibleagáid saor lena spriocanna breiseánacha bliantúla a shárú, leis an gcoigealtas iomlán a bhaintear amach ag rolladh ar aghaidh le comhaireamh i gcoinne sprioc bhreiseánach bhliantúil na chéad bhliana eile. Leis cur chuige na spriocanna breiseánacha bliantúla atá á mholadh, baintear cuid áirithe den tsolúbthacht seachadta ó pháirtithe faoi oibleagáid agus cuirtear teorainn ar an gcúiteamh as gníomhaíocht luath, ach dá gcuirfí solúbthacht dá leithéid do na páirtithe go léir faoi oibleagáid sa seachadadh ar Sprioc EEOS a bheidh, is dócha, dúshlánach, thar tréimhse oibleagáide fhada, bhí an riosca rómhór go mbeadh Éire neamhchomhlíontach agus bhí gá le cur chuige seachadta níos rialaithe agus níos seasta.

Ba chóir go gcuideodh an méid thuas le seasmhacht agus intuarthacht níos mó a thabhairt do pháirtithe faoi oibleagáid agus don mhargadh agus mar sin tacú le pleanáil níos fadtéarma agus seachadadh níos cost-eífeachtúla. Tá sé beartaithe go n-eiseofar fógraí éifeachtúlachta fuinnimh (EENs), nó a mhacasamhail, chuig na páirtithe go léir faoi oibleagáid ag tús 2022 ina leagtar amach na spriocanna breiseánacha bliantúla do gach páirtí do na naoi bliana do dtí deireadh na tréimhse oibleagáide, bunaithe ar na spriocanna foriomlána atá ar bun. Más gá aon athruithe a dhéanamh ar na spriocanna breisithe seo. atheiseofar fógraí nuashonraithe.

Mar a pléadh i Roinn 2, cé go mbeidh scéim eatramhach i bhfeidhm le linn 2021, cuireadh tús leis an tréimhse oibleagáide 10 mbliana, d'Éirinn agus na páirtithe faoi oibleagáid, an 1 Eanáir 2021. Mar sin ní mór do dhearadh na scéime nua, lena n-áirítear nádúr agus socrú spriocanna, spriocanna agus seachadadh le linn na tréimhse eatramhaí 2021 a chur san áireamh. Tá sé beartaithe in 2022, agus ríomh á dhéanamh na spriocanna breiseánacha bliantúla do gach páirtí faoi oibleagáid do na 9 mbliana atá fágtha den tréimhse oibleagáide (2022-30), go gcuirfear seachadadh gach páirtí faoi oibleagáid in 2021 san áireamh, seachas a spriocanna eisithe. Ciallaíonn sé seo go mbeidh tionchar ag an seachadadh in 2021, a fhéadfaidh na spriocanna 2021 a eisíodh, go méid áirithe, ar mhéid Sprioc EEOS fhoriomlán atá ag gach páirtí faoi oibleagáid, le seachadadh thar na tréimhse oibleagáide ina hiomláine (bunaithe ar na spriocanna scéime foriomlána atá ar bun).

Ceist 7.1: An aontaíonn tú lenár moladh le spriocanna breiseánacha bliantúla a chur i bhfeidhm suas le 2030, a mbeidh ar pháirtithe faoi oibleagáid a shásamh gach bliain?

Ceist 7.2: An aontaíonn tú gur chóir seachadadh gach páirtí faoi oibleagáid in 2021, seachas a spriocanna 2021, a mheas sa ríomh ar spriocanna do na naoi mbliana atá fágtha sa tréimhse oibleagáide?

7.2 Comhlíonadh

I gcomhréir le hAirteagal 13 den EED[58], ní mór d'Éirinn rialacha a leagan síos ar na pionóis a bheidh i bhfeidhm i gcás neamhchomhlíonadh ag páirtithe faoi oibleagáid lena spriocanna EEOS, agus a chinntiú, más gá, go gcuirfear na rialacha i bhfeidhm. Mar a nótáladh thuas, tá fonn ar DECC laghdú a dhéanamh ar an riosca neamhchomhlíonta do pháirtithe faoi oibleagáid, agus mar sin cás a sheachaint ina bhfuil pionóis de dhíth, agus measann sé go gcuideoidh bunú spriocanna breiseánacha bliantúla chun é seo a dhéanamh. Aithníonn DECC gurb é príomhchuspóir an EEOS do pháirtithe faoi oibleagáid a spriocanna don choigealtas fuinnimh a bhaint amach agus, cé nach mór a chinntiú go sásaítear ár gcuspóirí beartais agus go bhfuil Éire iomlán comhlíontach le is na riachtanais EED go léir, tá sé ar intinn ag DECC freisin tairbhe a ghlacadh as na meicníochtaí solúbthachta comhlíonta is féidir a thairiscint, chun cuidiú le páirtithe faoi oibleagáid a spriocanna a bhaint amach. Mar sin, moltar na meicníochtaí a bhí ar fáil do pháirtithe faoi oibleagáid don tréimhse oibleagáide 2014-20 a choinneáil don tréimhse 2021-30 a bheag nó a mhór, faoi réir ag nuashonruithe agus feabhsuithe áirithe. Tugtar sonraí faoi gach ceann acu thíos, agus tá na sonraí iomlána i dtaca le cur i bhfeidhm reatha gach meicníocht faoin EEOS 2014-30 ar fáil freisin i Treoir SEAI faoi EEOS.

7.2.1 Meicníochtaí solúbthachta comhlíonta

Seachadadh tríú páirtí

Faoin EEOS 2014-20, d'fhéadfadh páirtithe faoi oibleagáid rogha a dhéanamh a gcoigealtas fuinnimh a bhaint amach go neamhspleách nó comhpháirtíochtaí a bhunú le soláthraithe seirbhíse tríú páirtí le coigealtas fuinnimh a mhargú agus/nó a sheachadadh ar a son. Trí chomhpháirtíocht le tríú páirtí is féidir cuidiú le méadú ar chostas-éifeachtacht an tseachadta do pháirtí faoi oibleagáid, ó tharla gur féidir le tríú páirtí coigealtas costais a bhaint amach nach bhféadfadh an páirtí faoi oibleagáid ina n-aonar. Le speisialtóireacht i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh, beidh sé de bhuntáiste ag tríú páirtí go bhfuil barranachtaí scála ann i soláthar seirbhísí chomh maith le heolas níos fearr a bheith acu ar dheiseanna coigealtais costais do thograí. Ina theannta sin, is féidir tairiscint iomaíoch agus dreasachtaí feidhmíochta a bhaineann leis an bpróiseas roghnúcháin agus conartha tuilleadh laghduithe a dhéanamh ar chostais tríú páirtí do pháirtithe faoi oibleagáid. Is féidir le comhpháirtíocht le

[58] Airteagal 13 den EED

tríú páirtí a bheith mealltach go háirithe nuair atá páirtí faoi oibleagáid ina pháirtí a cuireadh faoi oibleagáid le déanaí, réasúnta beag nó ag iarraidh feabhas a chur ar scóip a nasc custaiméara.

Tá éagsúlacht shuntasach sna samhlacha gnó a d'úsáid páirtithe faoi oibleagáid do EEOS 2014-20, lena n-áirítear socrú faofa amháin inar fhostaigh roinnt páirtithe faoi oibleagáid le chéile tríú páirtí chun a spriocanna a sheachadadh. Is cosúil gur léir i dtéarmaí an rogha cur chuige seachadta, nach bhfuil aon 'méid amháin a oireann do chách' ann. Bunaithe ar a staid aonair, b'fhéidir gurb' fhearr le páirtí faoi oibleagáid rogha seachadta amháin a phiocadh thar ceann eile, nó b'fhéidir meascán den dá rud. Mar sin, tá sé ar intinn ag DECC an mheicníocht solúbthachta seo a choinneáil don tréimhse oibleagáide 2021-30.

Ceist 7.3: An aontaíonn tú gur chóir go mbeadh cead ag páirtithe faoi oibleagáid coigealtas a bhaintear amach ar a son ag tríú páirtithe a chomhaireamh i dtreo a spriocanna?

Ceist 7.4: An mian leat aon mholtaí nó tuairimí a thabhairt i dtaca leis an meicníocht solúbthachta seo?

Gnóthachtáil íosta versus sprioc

Mar a luaitear thuas, tá DECC ag moladh go gcuirfear spriocanna breiseánacha bliantúla ar bun don EEOS ar feadh na tréimhse oibleagáide, cosúil leis an tréimhse oibleagáide 2014-20. Faoin EEOS 2014-20, cuireadh riachtanais gnóthachtála íosta ar bun freisin i gcoinne spriocanna na bpáirtithe faoi oibleagáid. Ó 2017 i leith, socraíodh an riachtanas gnóthachtála íosta ag 95%, a chiallaíonn go raibh an tsolúbthacht ag páirtithe faoi oibleagáid tearcsheachadadh a dhéanamh i gcoinne a spriocanna bliantúla do bhliain áirithe faoi suas le 5%. Fad is a sásaíodh an riachtanas gnóthachtála íosta, measadh go raibh an páirtí faoi oibleagáid comhlíontach.

Measann DECC go bhfuil ceadú an leibhéil seo de sholúbthacht sprice, gan phionós, cóir ach go gcinntíonn sé fós go gcoinnítear seachadadh na bpáirtithe faoi oibleagáid ar an mbóthar ceart. Mar sin, tá sé ar intinn againn go gceadófaí leibhéal comhchosúil de sholúbthacht sprice don tréimhse oibleagáide 2021-30, seachas 2030, an bhliain deiridh den tréimhse oibleagáide, nuair a chaithfear 100% de sprioc bhreiseánach bhliantúil 2030 a bhaint amach. I dTábla 6 thíos léirítear an chaoi ina n-oibríonn riachtanas gnóthachtála íosta

de 95% i dtaca le spriocanna breiseánacha bliantúla[59], nuair atá 100 GWh de choigealtas nua de dhíth gach bliain den tréimhse oibleagáide 10 mbliana.

Tábla 6: Riachtanas gnóthachtála íosta de 95%, bunaithe ar 100 GWh de choigealtas bliantúil nua *

Sprioc in aghaidh Bliana	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2029
2021	**95**									
2022		**190**								
2023			**285**							
2024				**380**						
2025					**475**					
2026						**570**				
2027							**665**			
2028								**760**		
2029									**855**	
2030										**1,000**

*Tá na figiúirí a áirítear sa tábla seo ann do chúiseanna léirithe amháin.

Ceist 7.5: An aontaíonn tú gur chóir riachtanas gnóthachtála íosta a chur ar bun, a chiallódh má bhaineann páirtí faoi oibleagáid amach 95% ar a laghad dá sprioc bhreiseánach bhliantúil, seachas an bhliain deiridh den tréimhse oibleagáide, go meastar go bhfuil siad comhlíontach?

Ceist 7.6: An mian leat aon mholtaí nó tuairimí a sholáthar i dtaca leis an meicníocht solúbthachta seo?

Malartú creidiúintí

Faoin EEOS 2014-20, bhí cead ag páirtithe faoi oibleagáid coigealtas bailithe, nó 'creidiúintí fuinnimh', a mhalartú go déthaobhach, faoi réir ag coinníollacha áirithe. Cuireann meicníocht den chineál sin ar chumas na bpáirtithe faoi oibleagáid a rinne rósheachadadh, b'fhéidir, i gcoinne a spriocanna a róchostais seachadta a aisghabháil, agus ag an am céanna deis a thabhairt do pháirtithe faoi oibleagáid, a d'fhéadfadh a bheith i mbaol tearcfheidhmíochta, tairbhe a bhaint as an rósheachadadh sin. Mar an gcéanna, cuireann sé ar chumas na bpáirtithe faoi oibleagáid, a bhféadfadh naisc láidre a bheith acu in earnáil amháin (e.g. neamhchónaithe), creidiúintí a mhalartú le páirtithe faoi oibleagáid a bhfuil naisc níos láidre acu in earnáil éagsúil (e.g. cónaithe), agus mar sin cuireann sé cothromaíocht sa mhargadh. Measann DECC má cheadaítear do pháirtithe faoi oibleagáid creidiúintí a mhalartú go déthaobhach go leathnaítear na deiseanna atá ar fáil chun spriocanna a bhaint amach, agus

[59] Ach amháin don bhliain deiridh den tréimhse oibleagáide

mar sin tá sé ar intinn aige an mheicníocht solúbthachta seo a choinneáil don tréimhse oibleagáide 2021-30. Cé go bhfuiltear ag súil go n-éascódh sé an próiseas agus go ndéanfadh sé malartú creidiúintí a fhaomhadh, tá sé ar intinn nach mbeadh SEAI, mar riarthóir, páirteach san aontú ar théarmaí tráchtála ar bith de mhalartú idir dhá pháirtí faoi oibleagáid, cosúil le EEOS 2014-20.

Ceist 7.7: An aontaíonn tú gur chóir go mbeadh cead ag páirtithe faoi oibleagáid creidiúintí bailithe a mhalartú go déthaobhach?

Ceist 7.8: An mian leat aon mholtaí nó tuairimí a thabhairt i dtaca leis an meicníocht solúbthachta seo?

Trádáil spriocanna

Cé nach raibh sé san áireamh faoi EEOS 2014-20, meicníocht solúbthachta eile a d'fhéadfaí a thairiscint is ea trádáil spriocanna idir pháirtithe faoi oibleagáid. Le trádáil spriocanna (nó oibleagáidí) ligtear do pháirtí amháin faoi oibleagáid ceann eile a íoc as dliteanas a ghlacadh as cuid dá oibleagáid nó í ar fad (i.e. cuid dá spriocanna nó iad go léir a sheachadadh), agus ar an gcaoi sin glacadh leis na rioscaí ar fad a bhaineann le seachadadh agus forfheidhmiú. Murab ionann agus malartú creidiúintí, tugann trádáil spriocanna an tsolúbthacht do pháirtithe faoi oibleagáid cinntí a dhéanamh roimh ré maidir leis an gcaoi ina ndéanfaidh siad a spriocanna a bhainistiú agus a sheachadadh, sula mbainfear amach aon choigealtas fuinnimh. Measann DECC go bhféadfadh an mheicníocht seo méadú ar chostas-éifeachtacht an tseachadta do pháirtithe faoi oibleagáid, má cheadaíonn an margadh é, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina rogha taitneamhach do chinn áirithe. Cosúil leis an malartú creidiúintí, tá ról tábhachtach ann do SEAI, mar riarthóir na scéime, leis an bpróiseas a éascú agus a chinntiú go maolaítear rioscaí an neamhchomhlíonta, ach gan a bheith páirteach san aontú ar théarmaí tráchtála ar bith, ná súil air.

Ceist 7.9: An dóigh leat go bhféadfadh tairbhe a bheith ag baint le cead a thabhairt do pháirtithe faoi oibleagáid a spriocanna go léir nó cuid acu a thrádáil go déthaobhach?

Ceist 7.10: An mian leat aon fheabhsuithe a mholadh i dtaca leis an meicníocht solúbthachta seo?

Meicníocht ceannaigh thar barr amach

Faoin EED, is féidir leis na Ballstáit rogha a dhéanamh le cead a thabhairt do pháirtithe faoi oibleagáid a spriocanna EEOS ar fad nó cuid acu a bhaint amach trí ranníocaíocht a

dhéanamh le Ciste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh[60]. Roghnaigh Éire leis an tsolúbthacht a thairiscint do pháirtithe faoi oibleagáid faoin EEOS 2014-20, ach chuir uasteorainn ar leibhéal na ranníocaíochta nó 'ceannach thar barr amach' ag 30% dá spriocanna. Léiriú is ea an uasteorainn seo ar an scéal go raibh fonn ar Éirinn an tsolúbthacht a thairiscint do pháirtithe faoi oibleagáid, mar mheicníocht chun tacú le comhlíonadh (agus cuidiú leo nochtadh ar phionóis a sheachaint). Ag an am céanna, níor theastaigh ón Stát ligean do pháirtithe faoi oibleagáid a spriocanna go léir a shásamh ar an mbealach seo, i bhfianaise na dtairbhí margaidh a bhíonn ann de bharr rannpháirtíocht dhíreach na bpáirtithe faoi oibleagáid san EEOS, i dtéarmaí acmhainne, ilchineálachta agus spreagtha.

Chun an mheicníocht a éascú don EEOS 2014-20, socraíodh praghsanna do cheannach thar barr amach do gach fosprioc (€/kWh) agus foilsíodh san Iris Oifigiúil[61]. Léiriú ab ea na praghsanna seo, a socraíodh in 2014, ar na costais a bheadh tabhaithe ag Éirinn trína scéimeanna deontais i seachadadh coigealtais cothrom leis na cinn a 'ceannaíodh thar barr amach' ag na páirtithe faoi oibleagáid, móide aon chostais riaracháin a bhain leis an seachadadh seo. Socraíodh na praghsanna seo ar leibhéal a chinntíonn nach mbeidh aon mhíbhuntáiste airgeadais ann d'Éirinn dá roghnódh páirtí faoi oibleagáid (nó dá mbeadh orthu) leas a bhaint as an meicníocht seo, agus níltear ag súil ná níl cheaptar iad le bheith i gcomhréir le costais an mhargaidh. De réir an scéil, tá sé tugtha le fios, de bharr praghsanna (agus pionóis) a shocrú agus a fhoilsiú do cheannach thar barr amach don scéim, gur méadaíodh ar an mbrú ar pháirtithe faoi oibleagáid níos mó a íoc ná mar is gnách le tríú páirtithe, atá ar an eolas faoin leibhéal praghais níos airde agus an pionós a bhaineann le ceannach thar barr amach. Ós rud é go ndéantar praghsanna do cheannach thar barr amach a ríomh bunaithe ar an infheistíocht fhéideartha ón Stát, seachas ón margadh, chun aon spriocanna atá ceannaithe thar barr amach a sheachadadh, tá sé le tuiscint go mbeidh na praghsanna do cheannach thar barr amach níos airde. Seachas breathnú air ar chomhchéim le bealaí comhlíonta eile, b'fhéidir go mbeadh sé níos oiriúnaí, ar a laghad d'fhormhór na bpáirtithe faoi oibleagáid, breathnú ar rogha an cheannaigh thar barr amach mar 'rogha dheireanach comhlíonta', gur féidir brath air, dá dtiocfadh an staid chun cinn, mar bhealach féideartha chun gníomh forfheidhmithe agus pionóis a d'fhéadfadh a bheith substaintiúil a sheachaint.

[60] Mar a leagtar amach in Airteagal 7a, alt 1 agus Airteagal 20, alt 6 den EED
[61] Don tréimhse oibleagáide 2014-20, socraíodh praghsanna ag €0.06/kWh, €0.204/kWh agus €0.88/kWh do na hearnálacha Neamhchónaitheacha, Cónaitheacha (seachas Tearcrochtain Fuinnimh) agus Tearcrochtain Fuinnimh faoi seach

Go dtí seo, níor roghnaigh páirtí ar bith faoi oibleagáid leas a bhaint as an meicníocht solúbthachta seo, rud a thugann le tuiscint go bhfuil siad dreasaithe, agus ábalta, coigealtas a sheachadadh chun a spriocanna a bhaint amach ar chostais faoi bhun na bpraghsanna seasta do cheannach thar barr amach. I bhfianaise easpa na húsáide faoi EEOS 2014-20, chuirfí fáilte roimh aiseolas ó pháirtithe faoi oibleagáid maidir leis an bhfiúntas leis an meicníocht seo a choinneáil. Má choinnítear meicníocht dá leithéid, le cur ar chumas páirtithe faoi oibleagáid codán dá spriocanna a cheannach amach, tá sé ar intinn ag DECC an uasteorainn don cheannach thar barr amach a shocrú ar uasmhéid 30% de spriocanna, ar na cúiseanna a luaitear thuas i dtaca le EEOS 2014-20. Don tréimhse oibleagáide 2021-30, ba ghá praghsanna nua do cheannach thar barr amach a shocrú agus a fhoilsiú, is dócha níos mó ná uair amháin, a léireoidh an costas reatha don Stát as an gcoigealtas comhionann a sheachadadh.

Ceist 7.11: An dóigh leat gur chóir go mbeadh meicníocht ar bun do cheannach thar barr amach don EEOS 2021-30, a chuirfeadh ar chumas na bpáirtithe faoi oibleagáid codán dá spriocanna EEOS a cheannach amach trí ranníocaíocht a dhéanamh le Ciste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh?

Ceist 7.12: An dóigh leat gur chóir go socrófaí an uasteorainn don cheannach thar barr amach ar uasmhéid 30% de spriocanna?

Ceist 7.13: An mian leat aon mholtaí a dhéanamh maidir leis an gcaoi ina socraítear praghsanna do cheannach thar barr amach, a chinnteodh nach mbeadh an Stát faoi mhíbhuntáiste airgeadais agus go gcuirfear riachtanais ábhartha an EED san áireamh?

Ceist 7.14: An mian leat aon mholtaí nó tuairimí a thabhairt i dtaca leis an meicníocht solúbthachta seo?

7.2.2 Neamhchomhlíonadh agus pionóis

Mar a luadh thuas, faoi Airteagal 13 den EED ní mór d'Éirinn cur síos a thabhairt ar ár rialacha i dtaca leis na pionóis a bheidh i bhfeidhm i gcás neamhchomhlíonta ag páirtithe faoi oibleagáid lena spriocanna EEOS, a chinntíonn go bhfuil an mheicníocht pionóis 'éifeachtach, comhréireach agus dímhealltach'.

Faoin EEOS 2014-20, dá mba rud é gur theip ar pháirtí faoi oibleagáid a riachtanas gnóthachtála íosta a bhaint amach (95% dá sprioc[62]), agus iad tar éis úsáid a bhaint as aon

[62] An rud is ionann agus an rud ar a dtugtar ar 'sprioc bhreise bhliantúil' sa doiciméad seo

mheicníochtaí solúbthachta a bhí ar fáil (e.g. malartú nó ceannach thar barr amach de choigealtas), ansin gearradh pionós. Socraíodh an praghas pionóis i gcoibhneas leis an bpraghas don cheannach thar barr amach, ag 1.25 uair an phraghais sin (€/kWh), agus gearradh an pionós ar aon chodán den sprioc ábhartha nár baineadh amach. Mar sin, chuir an pionós san áireamh méid an neamhchomhlíonta agus freisin an costas féideartha don Stát as an gcoigealtas comhionann a sheachadadh. Ar íocaíocht an phionóis riachtanaigh, measadh go raibh an t-easnamh comhlíonta ábhartha 'sásaithe'. Amhail an mheicníocht do cheannach thar barr amach, chuirtí aon phionóis a íocadh leis an gCiste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh. Go dtí seo, níor gearradh aon phionóis faoin EEOS 2014-20, rud a thugann le tuiscint, b'fhéidir, go bhfuil an praghas pionóis socraithe ag leibhéal cuí chun neamhchomhlíonadh a chosc.

Ag dul isteach i dtréimhse oibleagáide atá nua, níos faide agus níos déine, d'Éirinn agus do pháirtithe faoi oibleagáid freisin, tá fonn ar DECC an deis a thapú le hathmhachnamh a dhéanamh ar an gcur chuige i dtaca le neamhchomhlíonadh agus an réimeas pionóis. Cé go gcaithfidh aon chur chuige a nglacfar leis leanúint de bheith éifeachtach, comhréireach agus dímhealltach, measann DECC go bhféadfadh tairbhe a bheith ann le cur chuige éagsúil a ghlacadh don tréimhse oibleagáide 2021-30, agus cuirtear fáilte roimh ionchur ó pháirtithe ábhartha. Ag teacht le riachtanais Airteagal 13, tá sé ar intinn go ndéanfadh aon chur chuige i dtaca le pionóis na nithe seo a leanas:

- comhlíonadh a dhreasú go daingean
- an riosca de thearcseachadadh a sheachaint d'Éirinn agus páirtithe faoi oibleagáid
- a bheith daingean
- a bheith cothrom agus comhsheasmhach
- iarracht agus tiomantas a chur san áireamh
- a bheith soiléir agus trédhearcach
- a bheith pragmatach
- aon ualach riaracháin gan ghá a sheachaint
- tairbhe, seachas saobhadh, a dhéanamh don mhargadh, agus
- fanacht, nó ba chóir dó fanacht, iomchuí d'fhad iomlán na tréimhse oibleagáide

Ar an mbonn seo, moltar é seo a leanas:

1. go mbainfidh pionóis le spriocanna breiseánacha bliantúla (agus na riachtanais gnóthachtála íosta a ghabhann leo);

2. go gcuirfear creat sainithe ar bun, a thabharfaidh cur síos trédhearcach ar cathain agus conas a dhéanfar pionóis, suas le huasmhéid seasta pionóis, a chinneadh agus a eisiúint;
3. chomh maith le haon pionós airgeadais a íoc, go mbeidh páirtithe neamhchomhlíontacha freagrach as an t-easnamh ina spriocanna, ba chúis leis an neamhchomhlíonadh a cinneadh bunaithe ar a gcreat pionóis ar bun, a sheachadadh, suas le huasmhéid pionóis
4. go mbeidh na pionóis airgeadais a ghearrfar ina ranníocaíochtaí le ciste a úsáidfear chun bearta breise um éifeachtúlacht fuinnimh a shuiteáil, scartha ón EEOS
5. go gcinnfear pionóis sa chaoi is go mbeidh an costas a ghabhann le pionós airgeadais a thabhadh agus easnamh sprice a sheachadadh i gcónaí níos airde ná costas an chomhlíonta, lena n-áirítear ceannach thar barr amach
6. má mheastar é a bheith riachtanach, gur féidir iarraidh ar pháirtí neamhchomhlíontach a n-easnamh sprice a ‘cheannach amach’ seachas a sheachadadh, chomh maith leis an bpionós ábhartha ar neamhchomhlíonadh a thabhadh

Ceist 7.15: An aontaíonn tú lenár gcur chuige iomlán, nó <u>cuid de,</u> i dtaca le neamhchomhlíonadh agus pionóis?

Ceist 7.16: Dar leat, conas ba chóir pionóis ar neamhchomhlíonadh a chinneadh, i.e. cén tosca ba chóir a mheas mar chuid de chreat ríofa ar bith?

Ceist 7.17: An mian leat aon mholtaí nó tuairimí a thabhairt i dtaca le haon ghné den mholadh seo?

8 Deiseanna Scéime Nua agus Eolas Costais

8.1 Réimsí feabhsúcháin agus athbhreithnithe tréimhsiúla

Agus EEOS nua á fhorbairt cuirtear deis ar fáil le hathruithe a dhéanamh ar ghnéithe ar bith den scéim a mbeadh gá le feabhas a chur orthu. Dá bhrí sin, tá DECC ag lorg ionchuir ar cén feabhsúcháin shonracha a d'fhéadfaí a dhéanamh ar dhearadh EEOS nua chun cuidiú le riarachán agus seachadadh.

Cuireann DECC fáilte freisin roimh thuairimí maidir le cé chomh minic agus ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim. Tugann athbhreithnithe dá leithéid an deis le hathruithe a dhéanamh ar dhearadh nó feidhmiú na scéime, i ndiaidh comhairliúcháin chuí.

Ceist 8.1: An mian leat aon shaincheisteanna a ardú nó aon mholtaí a dhéanamh maidir le feabhsúcháin a d'fhéadfaí a dhéanamh, i dtaca leis an EEOS athdheartha, taobh amuigh de na cinn a phléitear sa doiciméad seo?

Ceist 8.2: Dar leat, cé chomh minic ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim chun nuashonruithe agus feabhsúcháin a dhéanamh ar ghnéithe ar leith e.g. i ndiaidh trí bliana; i ndiaidh ceithre bliana; i ndiaidh cúig bliana?

8.2 Eolas costais pháirtithe faoi oibleagáid

Tá sé tábhachtach go mbeadh tuiscint shoiléir ar chostais na bpáirtithe faoi oibleagáid chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an EEOS ar thomhaltóirí fuinnimh agus chun moltaí a shamhaltú do scéimeanna sa todhchaí. Cuidíonn trédhearcacht costais freisin leis an iomaíocht sa mhargadh agus le rochtain d'iontrálaithe nua.

Faoin EEOS 2014-20, ní raibh iallach ar pháirtithe faoi oibleagáid eolas costais a thuairisciú agus dá bhrí sin, seachas tuarascáil costais a d'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) in 2017[63], níl aon sonraí dochta costais ar fáil ar an EEOS. I bhfianaise an luach atá leis na sonraí seo a bhailiú agus. b'fhéidir, a fhoilsiú, tá DECC ag moladh, ó 2022, go mbeidh iallach ar na páirtithe go léir faoi oibleagáid a gcostais seachadta agus riaracháin a thuairisciú do SEAI. Cé nach mbeadh tuairisciú an eolais costais do SEAI de dhíth ar leibhéal pháirtí aonair faoi oibleagáid, tá sé ar intinn againn go mbeadh aon eolas costais a d'fhoilseofaí ar leibhéal carnach.

[63] Energy Supply Costs Information Report (CRU, 2017)

Tuigeann DECC go mb'fhéidir go mbeadh imní ar pháirtithe faoi oibleagáid faoi thuairisciú agus foilsiú sonraí dá leithéid, go háirithe i dtaca le rúndacht tráchtála. Ar an gcúis sin, agus chun cuidiú leis an ualach riaracháin a laghdú, lorgaítear tuairimí maidir le conas eolas dá leithéid a thuairisciú agus a fhoilsiú.

Ceist 8.3: An aontaíonn tú lenár moladh le hiallach a chur ar pháirtithe faoi oibleagáid a sonraí costais EEOS a thuairisciú do SEAI?

Ceist 8.4: An mian leat aon mholtaí a dhéanamh maidir le conas a déantar sonraí dá leithéid a thuairisciú, e.g. leibhéal na mionsonraí, formáid agus minicíocht an tuairiscithe?

Ceist 8.5: An aontaíonn tú gur chóir sonraí costais a fhoilsiú, ar an gcoinníoll go ndéileáltar leis na buarthaí go léir faoi rúndacht tráchtála?

Ceist 8.6: An mian leat aon mholtaí a dhéanamh maidir leis an gcaoi ina bhfoilsítear sonraí dá leithéid e.g. leibhéal na mionsonraí, formáid agus minicíocht an fhoilsithe?

9 Eolas ar Bhillí

Is iad billí leictreachais agus gáis nádúrtha an modh lena gcuirtear custaiméirí teaghlaigh ar an eolas faoi ídiú agus costais. Tá soláthar rialta d'eolas cruinn billí bunaithe ar ídiú leictreachais agus gáis iarbhír, á éascú sa todhchaí le húsáid a bhaint as méadair chliste, tábhachtach chun cuidiú le custaiméirí smacht a choinneáil ar a n-ídiú agus costais leictreachais agus gáis nádúrtha. Is féidir leo eolas eile a thabhairt freisin a chuidíonn le teaghlaigh a socruithe reatha a chur i gcomparáid le tairiscintí eile a chuireann ar chumas teaghlach a n-ídiú fuinnimh a rialáil, sonraí a thabhairt faoi úsáid fuinnimh agus coigealtas fuinnimh féideartha, tairiscintí a chur i gcomparáid agus soláthraí a mhalartú.

Is iad na soláthraithe fuinnimh atá freagrach as na sonraí faoi bhilleáil d'úsáid fuinnimh (leictreachas agus gás nádúrtha) agus déantar iad a rialáil go neamhspleách ag an CRU faoin Lámhleabhar Soláthraithe[64] agus go sonrach laistigh den Chód Cleachtais i dtaca le forálacha billeála sa lámhleabhar. Cuireann soláthraithe eolas cheana féin do thomhaltóirí maidir le húsáid fuinnimh, cén áit le heolas a fháil maidir le bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus maidir le tagarmhairc um ídiú fuinnimh, i gcomhréir leis na riachtanais CRU atá ann cheana. Le húsáid méadair chliste cuideofar le tuilleadh eolais agus eolas níos fearr faoi ídiú a sholáthar do chustaiméirí ar bhealach costas-éifeachtach agus in oiriúint don úsáideoir ag baint úsáide as nuatheicneolaíocht. Le húsáid billí cliste, atá á chur i bhfeidhm in éineacht le méadair chliste, tá cinneadh déanta ag CRU go bhfuil eolas comparáide níos fearr le soláthar ar bhillí. B'fhéidir go bhfuil cás ann le tuilleadh eolas a sholáthar do na tomhaltóirí go léir, trí bhillí nó ar bhealach eile, maidir le hídiú agus/nó coigealtas fuinnimh, lena n-áirítear cé acu an mbeadh sé mar thoradh ar a leithéid d'eolas go ndéanfadh tomhaltóirí gnímh a chuireann le héifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú ar astuithe.

Ceist 9.1: An dóigh leat go bhfuil cás ann le heolas breise a sholáthar do na tomhaltóirí go léir, trí bhillí nó ar bhealach eile, maidir lena n-ídiú agus/nó coigealtas fuinnimh féideartha?

Ceist 9.2: Conas a d'fhéadfaí soláthar eolais dá leithéid a chur i bhfeidhm go costas-éifeachtúil agus ar bhealach a dhéanann tairbhe do na tomhaltóirí go léir, ar bhillí nó ar bhealach eile?

[64] CRU19138 Electricity and Gas Suppliers' Handbook 2019

10 Aguisíní

Aguisín 1: Ceisteanna Comhairliúcháin

Roinn 3: Páirtithe faoi Oibleagáid

Ceist 3.1: An aontaíonn tú lenár moladh go gcumhdódh an EEOS eintitis ar fud na bpríomh-mhargaí fuinnimh go léir - leictreachas, gás nádúrtha, breosla leachtach agus breosla soladach?

Ceist 3.2: An aontaíonn tú lenár moladh go gcuirfí na cineálacha páirtithe incháilithe thuas laistigh de gach margadh faoi oibleagáid, dá mbeidís os cionn méid áirithe (mar a phléitear thíos), is é sin:

a) as na páirtithe incháilithe i *margadh an bhreosla leachtaigh*, gan ach na hallmhaireoirí de bhreosla leachtach atá ag feidhmiú in Éirinn;
b) as na páirtithe incháilithe i *margadh an bhreosla soladaigh*, na h-eintitis go léir, lena n-áirítear na hallmhaireoirí, dáilitheoirí agus/nó soláthraithe go léir atá ag feidhmiú in Éirinn;
c) as na páirtithe incháilithe i *margaí an gháis agus an leictreachais*, gan ach na comhlachtaí soláthair miondíola fuinnimh atá ag feidhmiú in Éirinn?

Ceist 3.3: An aontaíonn tú lenár moladh go socrófaí an tairseach oibleagáide i dtéarmaí líon na ndíolachán fuinnimh deiridh (GWh)?

Ceist 3.4: An aontaíonn tú lenár moladh go socrófaí leibhéal an tairsigh oibleagáide leibhéal ag díolacháin fuinnimh deiridh 400 GWh in aghaidh na bliana, in éineacht le liúntas saor a thabhairt isteach?

Ceist 3.5: An mian leat aon tuairimí sonracha a lua i dtaca leis an gcur chuige thuas maidir le socrú spriocanna?

Roinn 4: Sprioc EEOS 2021-30

Ceist 4.1: An aontaíonn tú lenár moladh gur chóir go sásófaí 60% d'oibleagáid Airteagal 7 na hÉireann do 2021-30, nó 36,424 GWh coigealtas fuinnimh deiridh carnach, le Scéim Oibleagáide Éifeachtúlachta Fuinnimh?

Ceist 4.2: An aontaíonn tú lenár moladh go ndéanfaí an Sprioc EEOS a imdhealú, le sprioc 40% dáilte ar na soláthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh iompair go léir (Sprioc na nDíolachán Iompar), agus sprioc 60% dáilte ar na soláthraithe agus dáilitheoirí fuinnimh neamh-iompair go léir (Sprioc na nDíolachán Neamh-Iompair)?

Roinn 5: Fospriocanna Seachadta EEOS

Ceist 5.1: An aontaíonn tú lenár moladh go gcaithfidh codán áirithe de choigealtas fuinnimh pháirtithe faoi oibleagáid teacht ó bhearta a sheachadtar san earnáil chónaithe (an Fosprioc Seachadta Chónaithe)?

Ceist 5.2: An aontaíonn tú, as an gcoigealtas cónaithe sin, go gcaithfidh codán áirithe freisin teacht ó ghníomhaíocht i dteaghlaigh bhochtfhuinnimh (an Fosprioc Seachadta Tearcrochtana Fuinnimh)?

Ceist 5.3: An aontaíonn tú lenár dtuairim gan a éileamh go sonrach go gcaithfí codán den Sprioc EEOS a shásamh ag na páirtithe faoi oibleagáid go léir trí choigealtas in earnáil an iompair?

Ceist 5.4: An aontaíonn tú lenár moladh go gcaithfear ar a laghad 15% de na coigealtas EEOS go léir, nó 5,464 GWh de choigealtas fuinnimh deiridh carnach, a sheachadadh san earnáil chónaithe?

Ceist 5.5: An aontaíonn tú gur chóir ar a laghad 5% den Sprioc EEOS (trian den bhFosprioc Seachadta Chónaithe), nó 1,821 GWh de choigealtas fuinnimh deiridh carnach, a bhaint amach trí bhearta seachadta i dteaghlaigh bhochtfhuinnimh?

Ceist 5.6: Ag cur san áireamh na samplaí oibrithe a thugtar in Aguisín 3, an aontaíonn tú lenár gcur chuige molta le fospriocanna seachadta a dháileadh ar pháirtithe faoi oibleagáid?

Roinn 6: Riachtanais Seachadta

Ceist 6.1: An aontaíonn tú lenár riachtanais atá molta do sheachadadh faoi bhFosprioc Seachadta Chónaithe (seachas an Fhosprioc Seachadta Tearcrochtana Fuinnimh)?

Ceist 6.2: An aontaíonn tú lenár riachtanais atá molta do sheachadadh faoin bhFosprioc Seachadta Tearcrochtana Fuinnimh?

Roinn 7: Nádúr na Spriocanna agus an Chomhlíonta

Ceist 7.1: An aontaíonn tú lenár moladh le spriocanna breiseánacha bliantúla a chur i bhfeidhm suas le 2030, a mbeidh ar pháirtithe faoi oibleagáid a shásamh gach bliain?

Ceist 7.2: An aontaíonn tú gur chóir seachadadh gach páirtí faoi oibleagáid in 2021, seachas a spriocanna 2021, a mheas sa ríomh ar spriocanna do na naoi mbliana atá fágtha sa tréimhse oibleagáide?

Ceist 7.3: An aontaíonn tú gur chóir go mbeadh cead ag páirtithe faoi oibleagáid coigealtas a bhaintear amach ar a son ag tríú páirtithe a chomhaireamh i dtreo a spriocanna?

Ceist 7.4: An mian leat aon mholtaí nó tuairimí a thabhairt i dtaca leis an meicníocht solúbthachta seo?

Ceist 7.5: An aontaíonn tú gur chóir riachtanas gnóthachtála íosta a chur ar bun, a chiallódh má bhaineann páirtí faoi oibleagáid amach 95% ar a laghad dá sprioc bhreiseánach bhliantúil, seachas an bhliain deiridh den tréimhse oibleagáide, go meastar go bhfuil siad comhlíontach?

Ceist 7.6: An mian leat aon mholtaí nó tuairimí a sholáthar i dtaca leis an meicníocht solúbthachta seo?

Ceist 7.7: An aontaíonn tú gur chóir go mbeadh cead ag páirtithe faoi oibleagáid creidiúintí bailithe a mhalartú go déthaobhach?

Ceist 7.8: An mian leat aon mholtaí nó tuairimí a thabhairt i dtaca leis an meicníocht solúbthachta seo?

Ceist 7.9: An dóigh leat go bhféadfadh tairbhe a bheith ag baint le cead a thabhairt do pháirtithe faoi oibleagáid a spriocanna go léir nó cuid acu a thrádáil go déthaobhach?

Ceist 7.10: An mian leat aon fheabhsuithe a mholadh i dtaca leis an meicníocht solúbthachta seo?

Ceist 7.11: An dóigh leat gur chóir go mbeadh meicníocht ar bun do cheannach thar barr amach don EEOS 2021-30, a chuirfeadh ar chumas na bpáirtithe faoi oibleagáid codán dá spriocanna EEOS a cheannach amach trí ranníocaíocht a dhéanamh le Ciste Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh?

Ceist 7.12: An dóigh leat gur chóir go socrófaí an uasteorainn don cheannach thar barr amach ar uasmhéid 30% de spriocanna?

Ceist 7.13: An mian leat aon mholtaí a dhéanamh maidir leis an gcaoi ina socraítear praghsanna do cheannach thar barr amach, a chinnteodh nach mbeadh an Stát faoi mhíbhuntáiste airgeadais agus go gcuirfear riachtanais ábhartha an EED san áireamh?

Ceist 7.14: An mian leat aon mholtaí nó tuairimí a thabhairt i dtaca leis an meicníocht solúbthachta seo?

Ceist 7.15: An aontaíonn tú lenár gcur chuige iomlán, nó <u>cuid de,</u> i dtaca le neamhchomhlíonadh agus pionóis?

Ceist 7.16: Dar leat, conas ba chóir pionóis ar neamhchomhlíonadh a chinneadh, i.e. cén tosca ba chóir a mheas mar chuid de chreat ríofa ar bith?

Ceist 7.17: An mian leat aon mholtaí nó tuairimí a thabhairt i dtaca le haon ghné den mholadh seo?

Roinn 8: Deiseanna Scéime Nua agus Eolas Costais

Ceist 8.1: An mian leat aon shaincheisteanna a ardú nó aon mholtaí a dhéanamh maidir le feabhsúcháin a d'fhéadfaí a dhéanamh, i dtaca leis an EEOS athdheartha, taobh amuigh de na cinn a phléitear sa doiciméad seo?

Ceist 8.2: Dar leat, cé chomh minic ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim chun nuashonruithe agus feabhsúcháin a dhéanamh ar ghnéithe ar leith e.g. i ndiaidh trí bliana; i ndiaidh ceithre bliana; i ndiaidh cúig bliana?

Ceist 8.3: An aontaíonn tú lenár moladh le hiallach a chur ar pháirtithe faoi oibleagáid a sonraí costais EEOS a thuairisciú do SEAI?

Ceist 8.4: An mian leat aon mholtaí a dhéanamh maidir le conas a déantar sonraí dá leithéid a thuairisciú, e.g. leibhéal na mionsonraí, formáid agus minicíocht an tuairiscithe?

Ceist 8.5: An aontaíonn tú gur chóir sonraí costais a fhoilsiú, ar an gcoinníoll go ndéileáltar leis na buarthaí go léir faoi rúndacht tráchtála?

Ceist 8.6: An mian leat aon mholtaí a dhéanamh maidir leis an gcaoi ina bhfoilsítear sonraí dá leithéid e.g. leibhéal na mionsonraí, formáid agus minicíocht an fhoilsithe?

Roinn 9: Eolas ar Bhillí

Ceist 9.1: An dóigh leat go bhfuil eolas breise a d'fhéadfadh soláthraithe leictreachais agus gáis nádúrtha a sholáthar do thomhaltóirí a d'fhéadfadh a bheith tairbheach, ar bhille nó ar bhealach eile?

Ceist 9.1: An dóigh leat go bhfuil cás ann le heolas breise a sholáthar do na tomhaltóirí go léir, trí bhillí nó ar bhealach eile, maidir lena n-ídiú agus/nó coigealtas fuinnimh féideartha?

Ceist 9.2: Conas a d'fhéadfaí soláthar eolais dá leithéid a chur i bhfeidhm go costas-éifeachtúil agus ar bhealach a dhéanann tairbhe do na tomhaltóirí go léir, ar bhillí nó ar bhealach eile?

Aguisín 2: Sampla oibrithe maidir le Sprioc EEOS agus Spriocanna Díolacháin

An Deighilt Sprice EEOS



Sprioc Díolacháin Iompair agus Sprioc Díolacháin Neamhiompair:



Aguisín 3: Samplaí Oibrithe maidir le Sprioc EEOS, Spriocanna Díolacháin, Fospriocanna Seachadta

1. **Spriocanna Seachadta Fo-earnála: Sampla 2**



Spriocanna Seachadta Fo-earnála: Sampla 2



Spriocanna Seachadta Fo-earnála: Sampla 3



Spriocanna Seachadta Fo-earnála: Sampla 4